# Leanúntas Tacaíochta

# le haghaidh Iar-bhunscoileanna

## Beart Acmhainní do Mhúinteoirí

[redacted]

# Tús Eolais ar an mBeart Acmhainní

Ba cheart an beart acmhainní seo a úsáid in éineacht leis an doiciméad, **Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-bhunscoileanna.** Foilseachán de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais is ea é a fhéachann le tacú le hiar-bhunscoileanna agus iad ag obair le daoine óga. Go hachomair, tagraíonn an Leanúntas do thrí cinn de leibhéil tacaíochta sna scoileanna: Tacaíocht do CHÁCH, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Móide.

Próiseas is ea **Tacaíocht do CHÁCH** a bhaineann le cosc, teagasc éifeachtach phríomhshrutha agus aithint luath. Cuirtear na córais sin ar fáil do **gach** dalta agus freastalaíonn siad go héifeachtach ar riachtanais fhormhór na ndaltaí.

Próiseas measúnaithe agus idirghabhála is ea **Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)** a dhíríonn ar dhaltaí **áirithe**, nó ar ghrúpaí daltaí a dteastaíonn ionchur breise uathu.

Is é a shamhlaítear le **Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)** tacaíochtaí níos déine ar bhonn aonraic. Is do dhaltaí a bhfuil riachtanais chasta/agus nó leanúnacha cu an leibhéal idirghabhála seo agus **is beag** dalta i ndáiríre a mbeidh an tacaíocht sin de dhíth orthu.

I gcúig cinn de ranna dathchódaithe atá an beart eagraithe, mar seo a leanas:

- **Timpeallachtaí Foghlama Dearfacha a Chruthú**
- **Eolas a Bhailiú**
- **Scagadh agus Measúnú Inmheánach**
- **Pleanáil, Monatóireacht agus Athbhreithniú**
- **Idirghabhálacha Éifeachtacha**

Moltar do scoileanna na hacmhainní a úsáid agus a oiriúnú faoi mar is gá dá riachtanais féin. Geallann NEPS forbairt leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí sna scoileanna agus ba bhreá leis an tseirbhís aiseolas a fháil i dtaobh na n-acmhainní seo. Gheofar an beart acmhainní ar líne ag www.education.ie

# Beart Acmhainní

## Timpeallachtaí Foghlama Dearfacha a Chruthú


| | |
|---|---|
| Tuiscint ar an Ógántacht | 4 |
| An Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC) a chomhlánú - Nótaí | 6 |
| An Seicliota Thimpeallacht Foghlama (LEC) - Iar-bhunscoil | 8 |
| An Chairt Achomair LEC a chomhlánú | 13 |
| Cairt Achomair an LEC | 14 |
| Plean Idirghabhála na Timpeallachta Foghlama | 19 |
| Rialacha dearfacha seomra ranga: samplaí | 21 |
| Treoracha maidir le timpeallacht dhearfach a chothú | 22 |


## Eolas a Bhailiú


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar an Aistriú chuig an Iar-bhunscoil | 24 |
| Foirm Toilithe Tuismitheora: Sampla | 28 |
| Suirbhé Múinteoirí Ábhair | 29 |
| Seicliosta: Mo Thuairimí mar Gheall ar an Scoil | 30 |
| Seicliosta Bailithe Eolais | 32 |
| Treoir maidir leis an Seicliosta Bailithe Eolais | 34 |
| Conas Tuarascálacha Síceolaíocha a Thuiscint | 37 |


## Scagadh agus Measúnú Inscoile


| | |
|---|---|
| Treoirlínte maidir le Scagadh Daltaí Nua | 40 |
| Treoir maidir le Trialacha Diagnóiseacha/Aonair & Trialacha do na Daltaí is Sine | 43 |
| Scagadh le haghaidh deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta | 45 |
| An Creat um Scagadh Iompraíochta | 46 |
| An Fhoirm um Scagadh Iompraíochta | 49 |
| An Chairt Achomair um Scagadh Iompraíochta | 50 |


## Pleanáil, Monatóireacht agus Athbhreithniú


| | |
|---|---|
| Plean Aonair Tacaíochta Scoile | 51 |
| Taifead de Chruinnithe na Foirne Tacaíochta | 52 |
| Plean Gníomhaíochta na Foirne Tacaíochta | 53 |
| IEP - Leathanach spriocanna dea-iompraíochta | 54 |
| IEP - Cruinniú um athbhreithniú dea-iompraíochta | 55 |
| Treoirlínte do chruinnithe maidir le spriocanna dea-iompraíochta | 56 |
| Leathanach spriocanna an dalta | 57 |


## Idirghabhálacha Éifeachtacha


| | |
|---|---|
| Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu | 58 |
| Idirghabhálacha Éifeachtacha chun Scileanna Matamaitice a Mhúineadh | 61 |
| Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta acu | 62 |

# Tuiscint Shíceolaíoch ar an Ógántacht

'Blianta an iontais' agus 'na blianta printíseachta' a thugtar ar an ógántacht agus ní gan ábhar; tagann fás agus forbairt as cuimse ar an duine óg sna blianta sin. Ar aon dul le 'réabhlóid bhitheolaíoch', is treisiúla an fás a tharlaíonn sa tréimhse seo ná in aon tréimhse eile sa tsaolré, ach amháin sa chéad dá bhliain den saol. Is ar éigean atá aon chéim eile sa tsaolré ina dtéann an oiread céanna rudaí éagsúla i bhfeidhm ar an duine agus ina múnlaítear an phearsantacht chomh mór céanna. Spreagann athruithe hormónacha agus ceimiceacha raon athruithe, idir fhisiceach, éirimiúil , shóisialta, mhothúchánach agus eiticiúil a dhéanfaidh aosach óg den ógánach. D'fhéadfadh ógánaigh agus na 'daoine suntasacha' a mbíonn caidreamh acu leo, go háirithe tuismitheoirí agus múinteoirí, a bhrath gur mór an dúshlán iad na hathruithe a thiteann amach sa tréimhse mhíchothrom eatramhach seo idir an óige agus blianta luath na haosachta.

Go síceolaíoch, is í feidhm na hógánachta an t-aistriú a dhéanamh ó fhéiniúlacht an linbh spleách go féiniúlacht an duine neamhspleách. Go tipiciúil ciallaíonn sé sin athrú staide ó bheith ag brath ar an teaghlach (agus ó thionchar na dtuismitheoirí) chuig staid inar tábhachtaí ná riamh cairde agus piaraí Feictear méid áirithe turgnamhachais, leis, i gcéim forbartha na hógántachta (m.sh. i gcúrsaí faisin, ceoil, ólacháin, drugaí nó léiriú gnéasach). Is minic ógánaigh a bheith cúthaileach, soghonta agus tearc ar fhéinmhuinín. Aistriú deacair é an t-aistriú ó bheith i do leanbh go bheith i d'aosach óg agus is iomaí duine óg a bhraitheann idir dhá chomhairle nó trína chéile. Mar shampla d'fhéadfadh sé nach dtaitneodh sé le duine óg é nó í a bheith á cheistiú nó á ceistiú ag tuismitheoirí mar gheall ar obair thionscadail, go bhféachfadh sé nó sí air sin mar chur isteach agus mar fhiosracht, ach d'fhéadfadh sé a bheith ina ghearán acu, leis, nár léirigh an tuismitheoir dóthain spéise. D'fhéadfadh iompraíocht dhúranta agus naimhdeach bheith le sonrú. Ar an taobh eile, féadfaidh ógánaigh a bheith fuinnmhithe agus díograiseach i leith spéiseanna nó cúiseanna ar leith agus spéis nó tiomantas ar leith a léiriú. Ní miste an méid seo a leanas a mheabhrú dúinn féin: 'Tá ag ógánaigh croíthe, údair dhóchais agus uaillmhianta nár mhór a chothú'. (Brooks 2002)

Seo a leanas liosta de rudaí ginearálaithe a deirtear faoin ógántacht, arna chur in oiriúint ó 'Understanding and Appreciating the Wonder Years' (National Middle School Association, 2000) le John H. Lounsbury

**Achoimre ar na Príomhráitis Ghinearálaithe mar gheall ar Ógánaigh Óga**

- Céim fhorbartha ar leith i saol an duine is ea an ógántacht luath.
- Sin iad na blianta ina mbíonn an duine ag cumadh na pearsantachta a bheidh aige/aici mar dhuine fásta, agus ag roghnú luachanna agus dearcthaí bunúsacha.
- Bíonn ógánaigh aibí go fisiceach ag aois níos luaithe ná mar ab amhlaidh i gcás a seantuismitheoirí agus bíonn cuma shofaisticiúil orthu níos luaithe anois ná mar ab amhlaidh sna glúnta roimhe seo.
- Bíonn siad ag lorg smacht ar a saol féin agus neamhspleáchas óna dtuismitheoirí
- De réir nádúir, cuireann siad spéis sa saol, tá siad fiosrach agus is breá leo dul sa seans

- Tá cumas intleachtúil ag daoine óga a ndéanann an scolaíocht thraidisiúnta faillí ann
- Trí idirghníomhaíocht agus trí fhoghlaim ghníomhaíochta seachas trí bheith ag éisteacht is fearr a fhoghlaimíonn siad.
- Is maith leo idirghníomhaíocht a bheith acu le daoine fásta agus deiseanna a fháil chun gabháil do ghníomhaíochtaí a bhfuil fiúntas leo
- Tugann siad tús áite don fhorbairt fhisiceach agus don fhorbairt shóisialta
- Daoine íogair, soghortaithe agus mothúchánacha iad
- Is furasta do dhaoine eile a bhfuil meas acu orthu tionchar a imirt orthu.

Múinteoirí éifeachtacha ar spéis leo dul i mbun oibre leis an aoisghrúpa seo, beidh tuiscint acu ar na hathruithe móra forbartha a thagann ar dhaltaí san oiread sin gnéithe dá bhforbairt le linn bhlianta na hógántachta. Freagróidh siad don dúshlán a chuirtear fúthu agus do na himpleachtaí atá aige do phleanáil an oideachais 'iomlánaíche' agus do sheachadadh an oideachais sin.
Beidh a fhios acu a thábhachtaí atá sé na nithe seo a leanas a sholáthar:

- **Timpeallacht scoile** atá freagrúil dá riachtanais forbartha, atá fáilteach agus a chothaíonn an t-ógánach agus a chaitheann leis nó léi mar bhall fiúntach den phobal scoile.
- **Múinteoirí** ar 'misnitheoirí' iad agus a chothaíonn foghlaim ghníomhach i measc a gcuid daltaí.
- **Deis chothrom** do gach dalta **a bheith rannpháirteach**, foghlaim, fás agus rudaí a bhaint amach
- **Curaclam iomlánaíoch** atá ábhartha, dúshlánach, comhtháiteach agus taiscéalaíoch.
- **Struchtúir eagraíochtúla** a thacaíonn le caidreamh lánbhríoch agus a chothaíonn féinmheas ard, féin-éifeachtúlacht agus athléimneacht.

Nuair a smaoinítear ar éilimh shonracha na hógántachta, is léir gur gá do chórais tacaíochta in iar-bhunscoileanna a bheith solúbtha, cuimsitheach, dea-bhainistithe agus freagrúil do riachtanais an dalta.

## Comhlánú an tSeicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC) Nótaí

Is féidir le tosca áirithe sa timpeallacht tionchar a imirt ar chaighdeán na foghlama.

Cúnamh is ea an seicliosta seo chun na gnéithe sin den timpeallacht foghlama atá ag obair go maith agus na gnéithe ina dteastódh gníomh a aithint.

Trí chuid atá sa LEC:

- Cuid A - An Timpeallacht Scoile Uile
- Cuid B - An Timpeallacht Ranga
- Cuid C - An Timpeallacht Shóisialta

Is féidir an LEC a úsáid ag céimeanna difriúla den leanúntas tacaíochta san iar-bhunscoil:

a) **Tacaíocht do CHÁCH - féadfaidh grúpaí difriúla foirne úsáid a bhaint as chun tosaíochtaí gníomhaíochta a cheapadh don scoil uile. (Codanna úsáideacha chun na críocha sin is ea Codanna A & C a dhíríonn ar thimpeallacht na scoile uile agus ar an timpeallacht shóisialta)**

b) **Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)** – féadfaidh ball/baill foirne an seicliosta a chomhlánú tar éis dalta/í atá 'i mbaol' a aithint, chun tosaíochtaí a cheapadh do ghrúpaí spriocaimsithe daltaí atá 'i mbaol' **(Codanna úsáideacha chun na críocha sin is ea Codanna B & C a dhíríonn ar an timpeallacht ranga agus ar an timpeallacht shóisialta)**

c) **Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)** – féadfaidh baill foirne ranna ábhartha den seicliosta a chomhlánú chun tosaíochtaí a cheapadh do dhaltaí aonair a bhfuil deacrachtaí aitheanta doiciméadaithe acu ar theacht isteach sa scoil dóibh **(Codanna úsáideacha chun na críocha sin is ea Codanna B & C a dhíríonn ar an timpeallacht ranga agus ar an timpeallacht shóisialta)**

Beidh feidhm ag codanna áirithe thar a chéile - braitheann sé ar an bhfáth a bhfuil an seicliosta á chomhlánú.

Is gnách líon áirithe múinteoirí ábhair difriúla a bheith bainteach le comhlánú seicliosta. As sin is féidir seicliostaí a chomhthiomsú ar chairteacha achomair LEC. Moltar go nglacfadh múinteoir amháin ról an 'chomhordaitheora' chun an t-eolas ar sheicliostaí comhlánaithe ó mhúinteoirí ábhair a chomhthiomsú. Aistrítear an t-eolas comhthiomsaithe sin go dtí na **Cairteacha Achomair LEC.**

Nuair a bhíonn seicliostaí agus cairt achomair comhlánaithe, bíonn bonn ann chun Plean Timpeallachta Foghlama a cheapadh.

Baintear úsáid as an scála rátála seo a leanas agus an LEC á chomhlánú.

**Scála rátála:**

1 = tosaíocht forbartha/gníomh ag teastáil
2 = deis chun dul i bhfeabhas/gníomh éigin ag teastáil
3 = ag obair go maith/níl aon ghá le gníomh

***Ní mór a nótáil: Is seicliosta é seo a cuireadh in oiriúint ó 'The Birmingham Framework Behavioural Environmental Checklist and The Positive Learning Environment Checklist' (Leicestershire Educational Psychology Service)***

# *Seicliosta Thimpeallacht Foghlama - Iar-bhunscoile*

**Scála rátála:**
**1 = tosaíocht forbartha/gníomh ag teastáil**
**2 = deis chun dul i bhfeabhas/gníomh éigin ag teastáil**
**3 = ag obair go maith/níl aon ghá le gníomh**

## A. Timpeallacht Scoile Uile:

### 1. Beartais:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tá beartas scoile ann chun dea-iompraíocht a chur ar aghaidh | 3 2 1 |
| 2. | Tuigeann an fhoireann an beartas seo agus tá sé glactha acu | 3 2 1 |
| 3. | Déantar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar an mbeartas iompraíochta | 3 2 1 |
| 4. | Beartas difreáilte é ina gcuirtear raon riachtanas san áireamh | 3 2 1 |
| 5. | Déileáltar le daltaí de réir bheartas comhdheiseanna | 3 2 1 |
| 6. | Tá beartas éifeachtach agus cuimsitheach SEN ag an scoil | 3 2 1 |
| 7. | Tuigeann an fhoireann an beartas SEN agus tá sé glactha acu | 3 2 1 |
| 8. | Tá beartais éifeachtacha leas daltaí ag an scoil, m.sh. beartas frithbhulaíochta | 3 2 1 |
| 9. | Tá beartas éifeachtach sláinte agus sábháilteachta ag an scoil | 3 2 1 |
| 10. | Tuigeann an fhoireann beartas teagaisc agus foghlama na scoile | 3 2 1 |
| 11. | Tacaíonn beartais na scoile le gnóthachtáil agus rath na ndaltaí | 3 2 1 |
| 12. | Is eol do dhaltaí an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu | 3 2 1 |

### 2. Timpeall na scoile/lasmuigh den rang:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tá gnáthaimh shoiléire ann maidir le bogadh timpeall na scoile | 3 2 1 |
| 2. | Bogann daltaí timpeall na scoile ar shlí ordúil | 3 2 1 |
| 3. | Cloíonn an fhoireann le córais am sosa agus am lóin | 3 2 1 |
| 4. | Tuigeann an fhoireann a bhfreagrachtaí maoirseachta am sosa | 3 2 1 |
| 5. | Tuigeann daltaí rialacha am sosa agus am lóin | 3 2 1 |
| 6. | Déantar maoirseacht chuí ar phasáistí agus ar áiteanna caidrimh | 3 2 1 |
| 7. | Córais éifeachtacha ann chun coimhlint idir dhaltaí a réiteach | 3 2 1 |
| 8. | Tugann an fhoireann dea-shampla iompraíochta do dhaltaí | 3 2 1 |
| 9. | Córas soiléir duaiseanna /pionóis i bhfeidhm ag am sosa | 3 2 1 |
| 10. | Déantar monatóireacht ar áiteanna inar aithníodh fadhb | 3 2 1 |
| 11. | Bíonn gníomhaíochtaí/trealamh oiriúnach ar fáil ag am sosa | 3 2 1 |
| 12. | Déantar maoirseacht chuí ag am sosa | 3 2 1 |
| 13. | | 3 2 1 |

## B. Timpeallacht an tSeomra Ranga

### 1. Tosca fisiceacha:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. | An chuma ar an seomra ranga gur timpeallacht mhaith oibre é | 3 | 2 | 1 |
| 2. | Tá dóthain soilsithe ann | 3 | 2 | 1 |
| 3. | Tá an t-aerú agus an teocht oiriúnach don fhoghlaim | 3 | 2 | 1 |
| 4. | Oireann an leibhéal torainn sa seomra ranga don fhoghlaim | 3 | 2 | 1 |
| 5. | Níl aon torann seachtrach ag cur isteach ar an bhfoghlaim | 3 | 2 | 1 |
| 6. | Cuirtear na daltaí ina suí de réir plean suí | 3 | 2 | 1 |
| 7. | Is leor an spás oibre do dhaltaí agus don mhúinteoir | 3 | 2 | 1 |
| 8. | Tá dóthain spáis sa seomra le bogadh timpeall | 3 | 2 | 1 |
| 9. | Oireann leagan amach an troscáin agus an trealaimh don teagasc agus don fhoghlaim | 3 | 2 | 1 |
| 10. | Tá an troscán oiriúnach do ghníomhaíochtaí éagúla curaclaim agus eagraítear go cuí é | 3 | 2 | 1 |
| 11. | Tá trealamh, ábhair/acmhainní lipéadaithe go soiléir, dea-eagraithe agus teacht éasca ag na daltaí ar fad orthu | 3 | 2 | 1 |
| 12. | Is leor an spás oibre pearsanta atá ag múinteoirí agus daltaí | 3 | 2 | 1 |
| 13. | Tá radharc maith ag daltaí ar an múinteoir agus ar an gclár cailce/bán | 3 | 2 | 1 |
| 14. | Troscán oiriúnach sa seomra ranga agus dea-bhail air i gcónaí | 3 | 2 | 1 |
| 15. | An spás difreáilte go cuí do riachtanais daltaí a bhfuil SEN acu | 3 | 2 | 1 |

### 2. Teagasc agus Foghlaim/gnéithe curaclaim:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Leagtar an tráthchlár amach chun leasa gach tacaíochta atá ar fáil | 3 | 2 | 1 |
| 2. | Múintear an curaclam ar shlite éagsúla ar mhaithe le stíleanna foghlama difriúla | 3 | 2 | 1 |
| 3. | Bíonn na daltaí bainteach le socrú a spriocanna féin | 3 | 2 | 1 |
| 4. | Difreáil déanta ar ábhair chun go n-éireoidh le gach dalta | 3 | 2 | 1 |
| 5. | Scéimeanna baile is scoile ann chun go dtabharfar an trealamh ceart ar scoil | 3 | 2 | 1 |
| 6. | Deiseanna ag daltaí chun scileanna foghlama a fhaightear i suíomh amháin a mhúnlú, a chleachtadh, a dhaingniú agus a aistriú go suíomh eile | 3 | 2 | 1 |
| 7. | Faigheann na daltaí aiseolas mar gheall ar a bhfuil bainte amach acu agus moltaí faoin tslí le dul i bhfeabhas | 3 | 2 | 1 |
| 8. | Sroicheann an múinteoir an seomra ranga roimh na daltaí | 3 | 2 | 1 |
| 9. | Tugtar treoracha soiléire do na daltaí | 3 | 2 | 1 |
| 10. | Ullmhaítear ábhair agus trealamh sula dtosaíonn an ceacht | 3 | 2 | 1 |
| 11. | Curaclam oiriúnach a sheachadtar ar bhealaí difreáilte nuair is cuí sin | 3 | 2 | 1 |
| 12. | An tráthchlár in oiriúint don teagasc agus don fhoghlaim | 3 | 2 | 1 |
| 13. | Baintear leas as piarthacaíocht | 3 | 2 | 1 |
| 14. | Baintear leas as tacaíocht ó dhaoine fásta | 3 | 2 | 1 |
| 15. | Ceaptar tascanna a oireann do leibhéal, tuiscint agus scileanna na ndaltaí | 3 | 2 | 1 |

| | |
|---|---|
| 16. Na spriocanna foghlama i bhfocail shoiléire agus iad comhroinnte leis na daltaí | 3 2 1 |
| 17. Faigheann na daltaí deiseanna chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inar féidir leo rudaí a bhaint amach | 3 2 1 |
| 18. Céimeanna sách beag sna spriocanna foghlama le dul chun cinn a chinntiú | 3 2 1 |
| 19. Monatóireacht agus taifeadadh rialta ar dhul chun cinn | 3 2 1 |
| 20. Tá socruithe cuí ann do dhaltaí a bhfuil SEN acu | 3 2 1 |
| 21. Treoracha soiléire ar shlite éagsúla mar gheall ar thascanna | 3 2 1 |

**3. Rialacha, gnáthaimh, duaiseanna, pionóis:**

| | |
|---|---|
| 1. Gnáthaimh ann maidir le bogadh timpeall an tseomra | 3 2 1 |
| 2. Gnáthaimh shoiléire ann maidir le dul isteach agus amach as seomraí | 3 2 1 |
| 3. Gnáthaimh shoiléire ann maidir le dáileadh agus bailiú ábhar | 3 2 1 |
| 4. Gnáthaimh ann maidir le hathrú gníomhaíochtaí | 3 2 1 |
| 5. Gnáthaimh ann maidir le tost nó aird a lorg | 3 2 1 |
| 6. Gnáthaimh ann maidir le glanadh | 3 2 1 |
| 7. Idirbheartaítear rialacha leis na daltaí agus tuigeann siad iad | 3 2 1 |
| 8. Is beag riail atá ann, ach tá siad soiléir agus déantar tagairt dóibh go minic | 3 2 1 |
| 9. Rialacha dearfacha iad agus athneartaítear go dearfach iad | 3 2 1 |
| 10. Tá na rialacha ar taispeáint go soiléir sa seomra ranga | 3 2 1 |
| 11. Múintear rialacha agus gnáthaimh dea-iompraíochta | 3 2 1 |
| 12. Duaiseanna beaga insroichte a thairgtear | 3 2 1 |
| 13. Tugtar ainm ar dhuaiseanna | 3 2 1 |
| 14. Baineann an rang tairbhe as duaiseanna | 3 2 1 |
| 15. Bronntar duaiseanna ar shlí atá cothrom seasta | 3 2 1 |
| 16. Nasc idir duaiseanna agus córas duaiseanna na scoile | 3 2 1 |
| 17. Gearrtar pionós ar shlí atá cothrom seasta | 3 2 1 |
| 18. Tuigeann na daltaí na pionóis atá ann | 3 2 1 |
| 19. Tuigeann tuismitheoirí agus cúramóirí na pionóis atá ann | 3 2 1 |
| 20. Pionóis shoiléire oiriúnacha atá iontu | 3 2 1 |
| 21. Mínítear gnáthaimh agus rialacha go soiléir, tuigeann ns daltaí iad agus cuirtear i bhfeidhm go seasta iad | 3 2 1 |

## C. An timpeallacht shóisialta /an timpeallacht mhothúchánach/an timpeallacht dhaonna/an timpeallacht CARE

### 1. An Fhoireann:

1. Tá comhfhreagracht ann as bainistíocht iompraíochta 3 2 1
2. Pléitear na nithe a bhfuil ag éirí leo agus na deacrachtaí 3 2 1
3. Tá slí shoiléir ag an bhfoireann le cabhair a iarraidh ar chomhghleacaithe 3 2 1
4. Treoir éifeachtach ar fáil chun coimhlint a réiteach 3 2 1
5. Sainítear róil na foirne go soiléir 3 2 1
6. Baintear úsáid chórasach éifeachtach as seirbhísí tacaíochta 3 2 1
7. Pléann an fhoireann a n-údair imní le chéile 3 2 1
8. Iarrann an fhoireann comhairle ó chomhghleacaithe 3 2 1
9. Tá meas ar phiarthacaíocht foirne agus bíonn sé ar fáil i gcónaí 3 2 1
10. Tacaítear leis an bhfoireann chun curaclam difreáilte a sholáthar do dhaltaí a bhfuil SEN acu 3 2 1

### 2. Daltaí:

1. Deiseanna ar fáil do dhaltaí le go mbraithfidh siad go bhfuil fiúntas leo 3 2 1
2. Bíonn deiseanna ag daltaí saincheisteanna foghlama, pearsanta agus mothúchánacha a phlé 3 2 1
3. Glactar straitéisí chun scileanna idirphearsanta agus cairdeas a chur ar aghaidh 3 2 1
4. Cothaítear iontaoibh agus tacaíocht fhrithpháirteach 3 2 1
5. Cothaítear comhar grúpa 3 2 1
6. Faigheann daltaí cleachtadh ar bheith ag éisteacht agus ag idirbheartaíocht 3 2 1
7. Tugann daoine fásta dea-shampla iompraíochta 3 2 1
8. Tugtar aird ar dhea-iompraíocht agus moltar é 3 2 1
9. Nósanna imeachta ann chun freagairt d'éigeandálaí iompraíochta 3 2 1
10. Tá 'guth' ag na daltaí 3 2 1
11. Ionchais dhearfacha agus spriocanna réalaíocha foghlama 3 2 1
12. Monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar shocruithe daltaí 3 2 1
13. Tá timpeallacht na scoile taitneamhach, ordúil agus sábháilte 3 2 1
14. Braitheann daltaí go dtugtar aire dóibh agus go bhfuil meas orthu 3 2 1
15. Tacaítear le gach dalta lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh 3 2 1
16. Spreagtar na daltaí le bheith freagrach as a gcuid foghlama agus a gcuid iompraíochta féin 3 2 1
17. Is eol do dhaltaí cad é an chéad rud eile atá le déanamh, gan ceist a chur 3 2 1
18. Bíonn an rang de réir taisc, de ghnáth 3 2 1
19. Moltar gníomhartha acadúla agus iompraíochta go minic 3 2 1
20. Baintear úsáid as meascán de mholadh agus de dhuaiseanna 3 2 1
21. Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí le linn taisc le cinntiú go dtuigeann siad é agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh 3 2 1

| | |
|---|---|
| 22. Cumarsáid agus aiseolas maith idir múinteoirí agus daltaí i dtaobh dul chun cinn | 3 2 1 |
| 23. Ainmnítear agus moltar dea-iompraíocht agus foghlaim daltaí | 3 2 1 |
| 24. Tugtar aitheantas do ghnóthachtáil bheag | 3 2 1 |

**3. Tuismitheoirí/caomhnóirí:**

| | |
|---|---|
| 1. Tacaíonn na tuismitheoirí le foghlaim agus dea-iompraíocht daltaí | 3 2 1 |
| 2. Is eol do thuismitheoirí dea-iompraíocht agus dea-fhoghlaim a bheith i réim | 3 2 1 |
| 3. Tuairiscí rialta do thuismitheoirí ar dhea-iompraíocht daltaí | 3 2 1 |
| 4. Tuairiscí rialta do thuismitheoirí ar dhul chun cinn san fhoghlaim | 3 2 1 |
| 5. Iarrtar ar thuismitheoirí tacú le curaclam difreáilte | 3 2 1 |

**Cairt Achomair an tSeicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC) a chomhlánú Nótaí**

Achoimrítear ar thrí chairt achoimre ar leith an t-eolas a taifeadadh ar Sheicliostaí Thimpeallacht Foghlama:

Cairt Achomair Roinn A – An Timpeallacht Scoile Uile
Cairt Achomair Roinn B – An Timpeallacht Ranga
Cairt Achomair Roinn C - An Timpeallacht Shóisialta

Treoracha maidir le comhlánú na gCairteacha Achomair

1. Cuir colún amháin den chairt achomair bhán (Ranna A/B/C) i leataobh le haghaidh ábhar ar leith (M.sh. colún 1 = Béarla; colún 2 = Mata; colún 3 = Gaeilge srl.).
2. Roghnaigh LEC comhlánaithe – m.sh. freagraí an mhúinteora Béarla.
3. Trascríobh na scóir ón scála rátála (1, 2 nó 3) ón Seicliosta (Béarla) maidir leis an gcéad mhír (m.sh. Roinn A, C1) isteach sa chéad chillín den chéad cholún – m.sh. más tosaíocht é ' beartas chun dea-iompraíocht a chur ar aghaidh' le haghaidh gnímh, cuirtear an uimhir 1 sa chillín ar barr; más gá gníomh éigin maidir le ceist Roinn A, 2.2 'bogann na daltaí timpeall an fhoirgnimh ar shlí ordúil', ansin cuirtear an uimhir 2 sa chéad cholún le hais ceist 2.2; má tá ceist Roinn A, 2.7 'tugann an fhoireann sampla den iompraíocht a bhfuil súil acu leis ó na daltaí' ag obair go maith ansin cuirtear an uimhir 3 sa chéad cholún le hais ceist 2.7.
4. Leantar ar aghaidh go dtí go mbíonn gach cillín i gcolún 1 comhlánaithe.
5. Déan an rud céanna i gcás gach Seicliosta eile ó na múinteoirí ábhair difriúla.
6. Aibhsigh i ndathanna difriúla na scóir rátála - m.sh. 1 = dearg, 2 = buí, 3 = glas
7. Is fusa cairt achomair a léirmhíniú nuair a bhíonn dathchódú air. Beifear in ann na réimsí inar gá gníomhú a dhéanamh a aithint, ansin, ar an bpointe. Ón bhfaisnéis sin, beifear in ann tosaíochtaí a aithint do Phlean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama.

**Cairt Achomair, Roinn A, Timpeallacht Scoile Uile -** a mhéad a dteastaíonn gníomh i ngach réimse de réir ÁBHAIR

| **Ainm an Ghrúpa Ranga/an Dalta** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Béarla** | **Gaeilge** | **Mata** | **Stair** | **Tíreol.** | **Eol.** |
| **A.1. Beartais:** | | | | | | |
| 1.1 Tá beartas ann chun dea-iompraíocht a chur ar aghaidh | | | | | | |
| 1.2 1.2 Tuigeann an fhoireann an beartas seo agus tá sé glactha acu | | | | | | |
| 1.3 Déantar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar an mbeartas iompraíochta | | | | | | |
| 1.4 Beartas difreáilte é ina gcuirtear raon riachtanas san áireamh | | | | | | |
| 1.5 Déileáiltear le daltaí de réir bheartas comhdheiseanna | | | | | | |
| 1.6 Tá beartas éifeachtach agus cuimsitheach SEN ag an scoil | | | | | | |
| 1.7 Tuigeann an fhoireann an beartas SEN agus tá sé glactha acu | | | | | | |
| 1.8 Tá beartais éifeachtacha leasa daltaí sa scoil, .m.sh. beartas frithbhulaíochta | | | | | | |
| 1.9 Beartas éifeachtach sláinte agus sábháilteachta | | | | | | |
| 1.10 Tuigeann an fhoireann ar fad beartas teagaisc agus foghlama na scoile | | | | | | |
| 1.11 Tacaíonn beartais na scoile le gnóthachtáil agus rath na ndaltaí | | | | | | |
| 1.12 Is eol do dhaltaí an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu | | | | | | |
| **A.2 Timpeall na Scoile:** | | | | | | |
| 2.1 Gnáthaimh shoiléire ann maidir le bogadh timpeall na scoile | | | | | | |
| 2.2 Bogann daltaí timpeall na scoile ar shlí ordúil | | | | | | |
| 2.3 Cloíonn an fhoireann le córais/struchtúir am sosa agus am lóin | | | | | | |
| 2.4 Tuigeann daltaí na rialacha am sosa agus am lóin | | | | | | |
| 2.5 Déantar maoirseacht chuí ar phasáistí agus áiteanna caidrimh | | | | | | |
| 2.6 Córais éifeachtacha ann chun coimhlint idir dhaltaí a réiteach | | | | | | |
| 2.7 Tugann an fhoireann dea-shampla iompraíochta do dhaltaí | | | | | | |
| 2.8 Tá córas soiléir ann maidir le duaiseanna/pionóis am sosa. | | | | | | |
| 2.9 Déantar monatóireacht ar áiteanna inar aithníodh fadhb | | | | | | |
| 2.10 Bíonn gníomhaíochtaí/trealamh oiriúnach ar fáil ag am sosa | | | | | | |
| 2.11 Déantar maoirseacht chuí ag am sosa | | | | | | |
| 2.12 | | | | | | |

**Cairt Achomair, Roinn B, Timpeallacht an tSeomra Ranga -** a mhéad a dteastaíonn gníomh i ngach réimse de réir ÁBHAIR

| **Ainm an Ghrúpa Ranga/an Dalta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | | | | | | | | | |
| **B.1. Tosca fisiceacha:** | | | | | | | | | |
| 1.1 An chuma ar an seomra ranga gur timpeallacht mhaith oibre é | | | | | | | | | |
| 1.2 Tá dóthain soilsithe ann | | | | | | | | | |
| 1.3 Tá an t-aerú agus an teocht oiriúnach don fhoghlaim | | | | | | | | | |
| 1.4 Oireann an leibhéal torainn sa seomra ranga don fhoghlaim | | | | | | | | | |
| 1.5 Ní chuireann torann seachtrach isteach ar an bhfoghlaim | | | | | | | | | |
| 1.6 Cuirtear na daltaí ina suí de réir plean suí | | | | | | | | | |
| 1.7 Tá dóthain spáis oibre ag daltaí agus múinteoirí | | | | | | | | | |
| 1.8 Tá dóthain spáis sa seomra le bogadh timpeall | | | | | | | | | |
| 1.9 Oireann leagan amach an troscáin agus an trealaimh don teagasc agus don fhoghlaim | | | | | | | | | |
| 1.10 Tá an troscán oiriúnach do ghníomhaíochtaí éagúla curaclaim agus eagraítear go cuí é | | | | | | | | | |
| 1.11 Tá trealamh, ábhair/acmhainní lipéadaithe go soiléir, dea-eagraithe agus teacht éasca ag na daltaí ar fad orthu | | | | | | | | | |
| 1.12 Is leor an spás oibre pearsanta atá ag múinteoirí agus daltaí | | | | | | | | | |
| **B.2. Tosca teagaisc agus foghlama/curaclaim:** | | | | | | | | | |
| 2.1 Leagtar an tráthchlár amach chun leasa gach tacaíochta atá ar fáil | | | | | | | | | |
| 2.2 Múintear an curaclam ar shlite éagsúla ar mhaithe le stíleanna foghlama difriúla | | | | | | | | | |
| 2.3 Bíonn na daltaí bainteach le socrú a spriocanna féin | | | | | | | | | |
| 2.4 Difreáil déanta ar ábhair chun go n-éireoidh le gach dalta | | | | | | | | | |
| 2.5 Scéimeanna baile is scoile ann chun go dtabharfar an trealamh ceart ar scoil | | | | | | | | | |
| 2.6 Deiseanna ag na daltaí scileanna foghlama a fhaightear i suíomh amháin a mhúnlú, a chleachtadh, a dhaingniú agus a aistriú go suíomh eile | | | | | | | | | |
| 2.7 Faigheann na daltaí aiseolas mar gheall ar a bhfuil bainte amach acu agus moltaí faoin tslí le dul i bhfeabhas | | | | | | | | | |
| 2.8 Sroicheann an múinteoir an seomra ranga roimh na daltaí | | | | | | | | | |
| 2.9 Tugtar treoracha soiléire do dhaltaí | | | | | | | | | |
| 2.10 Ullmhaítear ábhair agus trealamh sula dtosaíonn an ceacht | | | | | | | | | |
| 2.11 Curaclam oiriúnach a sheachadtar ar bhealaí difriúla nuair is cuí sin | | | | | | | | | |
| 2.12 An tráthchlár in oiriúint don teagasc agus don fhoghlaim | | | | | | | | | |
| 2.13 Baintear leas as piarthacaíocht | | | | | | | | | |

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.14 Baintear leas as tacaíocht ó dhaoine fásta | | | | | | | | | |
| 2.15 Socraítear tascanna de réir leibhéal, tuiscint agus scileanna na ndaltaí | | | | | | | | | |
| 2.16 Na spriocanna foghlama i bhfocail shoiléire agus iad comhroinnte leis na daltaí | | | | | | | | | |
| 2.17 Cuirtear deiseanna ar fáil don dalta bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inar féidir leis/léi rudaí a bhaint amach | | | | | | | | | |
| 2.18 Céimeanna sách beag sna spriocanna foghlama le dul chun cinn a chinntiú | | | | | | | | | |
| 2.19 Monatóireacht agus taifeadadh rialta ar dhul chun cinn | | | | | | | | | |
| 2.20 Socruithe cuí ann do dhaltaí a bhfuil SEN acu | | | | | | | | | |
| 2.21 Treoracha soiléire ar shlite éagsúla mar gheall ar thascanna | | | | | | | | | |
| **B.3. Rialacha, gnáthaimh, duaiseanna, pionóis:** | | | | | | | | | |
| 3.1 Gnáthaimh ann maidir le bogadh timpeall an tseomra | | | | | | | | | |
| 3.2 Gnáthaimh shoiléire ann maidir le dul isteach agus amach as seomraí | | | | | | | | | |
| 3.3 Gnáthaimh shoiléire ann maidir le dáileadh agus bailiú ábhar | | | | | | | | | |
| 3.4 Gnáthaimh ann maidir le hathrú gníomhaíochtaí | | | | | | | | | |
| 3.5 Gnáthaimh ann maidir le tost nó aird a lorg | | | | | | | | | |
| 3.6 Gnáthaimh ann maidir le glanadh | | | | | | | | | |
| 3.7 Déantar na rialacha a idirbheartú leis na daltaí agus tuigeann siad iad | | | | | | | | | |
| 3.8 Is beag riail atá ann, ach tá siad soiléir agus déantar tagairt dóibh go minic | | | | | | | | | |
| 3.9 Cuirtear rialacha i láthair ar shlí dhearfach agus athneartaítear iad | | | | | | | | | |
| 3.10 Tá na rialacha ar taispeáint go soiléir sa seomra ranga | | | | | | | | | |
| 3.11 Múintear rialacha agus gnáthaimh dea-iompraíochta | | | | | | | | | |
| 3.12 Duaiseanna beaga insroichte a thairgtear | | | | | | | | | |
| 3.13 Tugtar ainm ar dhuaiseanna | | | | | | | | | |
| 3.14 Baineann an rang ar fad tairbhe as duaiseanna | | | | | | | | | |
| 3.15 Bronntar duaiseanna ar shlí atá cothrom seasta | | | | | | | | | |
| 3.16 Nasc idir duaiseanna agus córas duaiseanna na scoile | | | | | | | | | |
| 3.17 Gearrtar pionós ar shlí atá cothrom seasta | | | | | | | | | |
| 3.18 Tuigeann na daltaí na pionóis atá ann | | | | | | | | | |
| 3.19 Tuigeann tuismitheoirí agus cúramóirí na pionóis atá ann | | | | | | | | | |
| 3.20 Pionóis shoiléire cuí atá iontu | | | | | | | | | |
| 3,21 Mínítear gnáthaimh agus rialacha an tseomra ranga go soiléir, tuigeann na daltaí ar fad iad agus cuirtear i bhfeidhm go seasta iad | | | | | | | | | |

**Cairt Achomair, Roinn C, Timpeallacht Scoile Uile -** a mhéad a dteastaíonn gníomh i ngach réimse de réir ÁBHAIR

| **Ainm an Ghrúpa Ranga/an Dalta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | | | | | | | | | |
| **C.1 An Fhoireann:** | | | | | | | | | |
| 1.1 Tá comhfhreagracht ann as bainistíocht iompraíochta | | | | | | | | | |
| 1.2 Pléitear na nithe a bhfuil ag éirí leo agus na deacrachtaí | | | | | | | | | |
| 1.3 Slí shoiléir ann chun tacaíocht a iarraidh ar chomhghleacaithe | | | | | | | | | |
| 1.4 Treoir éifeachtach ar fáil chun coimhlint a réiteach | | | | | | | | | |
| 1.5 Sainítear róil foirne go soiléir | | | | | | | | | |
| 1.6 Baintear úsáid chórasach éifeachtach as seirbhísí tacaíochta | | | | | | | | | |
| 1.7 Pléann an fhoireann a n-údair imní le chéile | | | | | | | | | |
| 1.8 Lorgaíonn an fhoireann comhairle ó lucht bainistíochta | | | | | | | | | |
| 1.9 Tá meas ar phiarthacaíocht foirne agus bíonn sé ar fáil i gcónaí | | | | | | | | | |
| 1.10 Tacaítear leis an bhfoireann chun curaclam difreáilte a sholáthar do dhaltaí a bhfuil SEN acu | | | | | | | | | |
| **C.2 Na Daltaí:** | | | | | | | | | |
| 2.1 Deiseanna ar fáil do dhaltaí le go mbraithfidh siad go bhfuil fiúntas leo | | | | | | | | | |
| 2.2 Bíonn deiseanna ag daltaí ceisteanna foghlama, pearsanta agus mothúchánacha a phlé | | | | | | | | | |
| 2.3 Glactar straitéisí chun scileanna idirphearsanta agus cairdeas a chur ar aghaidh | | | | | | | | | |
| 2.4 Cothaítear iontaoibh agus tacaíocht fhrithpháirteach | | | | | | | | | |
| 2.5 Cothaítear comhar grúpa | | | | | | | | | |
| 2.6 Faigheann daltaí cleachtadh ar bheith ag éisteacht agus ag idirbheartaíocht | | | | | | | | | |
| 2.7 Tugann daoine fásta dea-shampla iompraíochta | | | | | | | | | |
| 2.8 Tugtar aird ar dhea-iompraíocht agus moltar í | | | | | | | | | |
| 2.9 Tá nósanna imeachta ann chun freagairt d'éigeandálaí iompraíochta | | | | | | | | | |
| 2.10 Tá 'guth' ag na daltaí | | | | | | | | | |
| 2.11 Ionchais dhearfacha agus spriocanna réalaíocha foghlama ann | | | | | | | | | |
| 2.12 Monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar shocruithe daltaí | | | | | | | | | |
| 2.13 Tá timpeallacht na scoile taitneamhach, ordúil agus sábháilte | | | | | | | | | |
| 2.14 Braitheann daltaí go dtugtar aire dóibh agus go bhfuil meas orthu | | | | | | | | | |
| 2.15 Tacaítear le gach dalta lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh | | | | | | | | | |

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.16 Spreagtar daltaí chun bheith freagrach as a gcuid foghlama agus a gcuid iompraíochta | | | | | | | | | |
| 2.17 Bíonn an rang de réir taisc, de ghnáth | | | | | | | | | |
| 2.18 Moltar gníomhartha acadúla agus iompraíochta go rialta | | | | | | | | | |
| 2.19 Is féidir dóthain monatóireachta a dhéanamh ar dhaltaí le linn taisc le cinntiú go dtuigeann siad é agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh | | | | | | | | | |
| 2.20 Cumarsáid agus aiseolas maith idir múinteoirí agus daltaí i dtaobh dul chun cinn | | | | | | | | | |
| 2.21 Déantar dea-iompraíocht agus foghlaim dalta a 'ainmniú' agus a mholadh | | | | | | | | | |
| 2.22 Tugtar aitheantas do ghnóthachtáil bheag. | | | | | | | | | |
| **C.3 Na Tuismitheoirí/Na Caomhnóirí:** | | | | | | | | | |
| 3.1 Tacaíonn tuismitheoirí le foghlaim agus dea-iompraíocht daltaí | | | | | | | | | |
| 3.2 Is eol do thuismitheoirí dea-iompraíocht agus dea-fhoghlaim a bheith i réim | | | | | | | | | |
| 3.3 Tuairiscí rialta do thuismitheoirí ar dhea-iompraíocht daltaí | | | | | | | | | |
| 3.4 Tuairiscí rialta do thuismitheoirí ar dhul chun cinn san fhoghlaim | | | | | | | | | |
| 3.5 Iarrtar ar thuismitheoirí tacú le curaclam difreáilte | | | | | | | | | |

## Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama

**Seicliosta arna chomhlánú ag:** **Dáta:**

**Fócas na hidirghabhála:** (ticeáil, le do thoil) –

**Tacaíocht Scoile Uile** **Tacaíocht Ranga**

**Réimsí tosaíochta:** (ticeáil, le do thoil)

**Timpeallacht scoile uile** □
**An timpeallacht ranga** □
**An timpeallacht shóisialta** □

**Tosca laistigh den réimse/de na réimsí tosaíochta ina dteastaíonn gníomh (a aithníodh ón seicliosta):**

| | Gníomhartha | Gníomh indéanta – tá/níl | Má tá, conas: |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |

**Dáta an Athbhreithnithe:**

**Síniú:** ____________________________________________

## Plean Idirghabhála Thimpeallachta Foghlama: Athbhreithniú

| Toradh an Athbhreithnithe: | |
|---|---|
| **Gníomhartha Eile a aontaíodh:** | **Conas - Cé a d'aontaigh - Cathain?** |

**Síniú:** ___________________________________________

# Rialacha Dearfach sa Seomra Ranga – roinnt samplaí

Agus rialacha á roghnú don seomra ranga, moltar do phobail scoile iad a chur i bhfocail dhearfacha seachas i bhfocail dhiúltacha - is é sin, nathanna, cuir i gcás, a thosaíonn le '*déan*' seachas '*ná déan*'. Ach i samhlacha comparáideacha áirithe, féadfaidh sé a bheith an-éifeachtach an focal 'ná' a úsáid (féach an sampla ag bun an leathanaigh seo). Seo a leanas roinnt samplaí difriúla de shraitheanna de rialacha seomra ranga. D'fhéadfadh sé gur mhaith le scoil riail nó rialacha sa liosta seo a úsáid mar theimpléad chun rialacha oiriúnacha a cheapadh dá suíomh scoile féin. Ní miste a rá go meastar gur leor 3-5 riail.

**Sampla A:**
1. Bí in am, bí ullamh, bí san airdeall
2. Léirigh meas ort féin, ar dhaltaí eile agus ar mhaoin
3. Iompair tú féin go cuí i gcónaí

**Sampla B:**
1. Lean treoir ón gcéad uair a thugtar í
2. Bíodh d'irisleabhar scoile i do sheilbh i gcónaí
3. Bí in am do gach rang
4. Bíodh na leabhair, an trealamh agus an obair bhaile riachtanach agat
5. Labhair agus iompair tú féin go cúirtéiseach

**Sampla C:**
1. Ardaímid an lámh sula labhraímid
2. Léirímid cineáltas agus meas ar a chéile
3. Coimeádaimid slacht ar an seomra
4. Éistimid nuair a bhíonn an múinteoir nó dalta eile ag caint

**Sampla D:**
1. Ardóidh mé mo lámh sula labhraím
2. Rachaidh mé isteach agus amach as an seomra go ciúin
3. Críochnóidh mé gach obair in am
4. Éistfidh mé go cúramach agus an múinteoir ag caint

**Sampla E:**
1. Bí sa seomra nuair a bhuaileann an clog
2. Tabhair ábhair leat
3. Lean treoracha
4. Labhair go cuí
5. Bí cabhrach agus cineálta nuair a bhíonn tú ag obair in éineacht le daoine eile sa rang

**Sampla de rialacha 'Órga' Jenny Mosley**
Seo a leanas sampla de 6 riail bunaithe ar rud is ceart agus rud nár cheart a dhéanamh:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Éist | Ná cuir isteach ar chainteoir |
| 2. | Oibrigh go crua | Ná cuir d'am féin nó am daoine eile amú |
| 3. | Tabhair aire do mhaoin | Ná déan é a chur amú nó a dhamáistiú |
| 4. | Bí séimh | Ná gortaigh duine ar bith |
| 5. | Bí cineálta | Ná léirigh dímheas ar bhraistintí duine eile |
| 6. | Bí macánta | Ná ceil an fhírinne |

## Treoracha maidir le Timpeallacht Dhearfach Scoile a Sholáthar do Dhaltaí

**I. Ag cabhrú le daltaí a bhrath gur baill den scoil iad, go bhfuil nasc idir iad agus an scoil, agus go bhfuil fáilte rompu sa scoil.**

- An bhfuil ball foirne amháin ar a laghad a bhraitheann an dalta a dhéanann cúram ar leith de nó di? Conas a chuirtear an cúram sin in iúl don dalta?
- Cad iad na straitéisí a d'úsáidfeadh an múinteoir chun cabhrú leis an dalta seo a mhothú go gcuirtear spéis ann nó inti go fírinneach?
- An nglacann na daltaí eile leis an dalta seo? Má ghlacann, cé hiad na daltaí sin?
- Má tá an dalta aonraithe, cad is féidir a dhéanamh chun cabhrú leis nó léi caidreamh níos dlúithe a fhorbairt le daltaí eile?

**II. Féintreorú a chothú agus cabhrú le daltaí braistint úinéireachta a bheith acu.**

- Cad iad na roghanna a déarfadh an dalta seo a bhí le déanamh aige nó aici sa scoil le cúpla mí anuas? Cad iad na cinntí a déarfadh an dalta a rinne sé nó sí mar gheall ar a phlean nó a plean oideachais i gcaitheamh na scoilbhliana?
- An dtugtar cuireadh don dalta seo bheith i láthair ag cruinnithe maidir lena chlár oideachais aonair agus ag comhdhálacha tuismitheoirí? Má thugtar, cé a ullmhaíonn an dalta ionas go mbeidh a fhios aige nó aici cad chuige an cruinniú agus céard a bheifear ag súil leis uaidh nó uaithi?
- An mbíonn deis ag an dalta saincheisteanna maidir lena phlean nó a clár scoile agus réitigh fhéideartha a phlé?
- Muna mbíonn an dalta i láthair ag cruinnithe IEP ná ag comhdhálacha tuismitheoirí, an bhfiafraítear den dalta cad ba mhaith leis nó léi go bpléifí ag an gcruinniú nó ag an gcomhdháil agus an iarrtar moltaí air nó uirthi?
- Mura bhfuil an dalta i láthair ag an gcruinniú nó ag an gcomhdháil, cé a chasfaidh ar an dalta chun an méid a tharla ann a mhíniú dó nó di?
- Más dalta ar conradh é nó í, an mbraitheann sé nó sí go raibh sé nó sí gníomhach mar rannpháirtí i gceapadh agus i bhforfheidhmiú an chonartha?
- Má rinneadh tástáil oideachasúil nó síceolaíoch, ar tugadh aiseolas don dalta mar gheall ar thorthaí na tástála, ó thaobh réimsí nirt agus réimsí laige?
- An bhfuil tuiscint shoiléir ag an dalta ar an bhfáth ar cuireadh idirbhearta ar leith i bhfeidhm?

**III. Oileáin inniúlachta an dalta a aithint, a athneartú agus a chur ar taispeáint**

- Cad iad inniúlachtaí nó nearta an dalta?
- Ar fhiafraigh duine ar bith den dalta cad iad a réimsí nirt, dar leis nó léi féin?
- Conas a léirítear na nearta sin i suíomh na scoile (m.sh. más ealaíontóir maith an dalta, an gcuirtear obair ealaíne an dalta ar taispeáint sa scoil?)
- Má tá IEP ag an dalta, cad iad na réimsí nirt a liostaítear agus an léiríonn sé an tslí a mbainfear úsáid as na nearta sin?
- Cad é rannchuidiú an dalta seo i leith na scoile? Ceann de na slite is fearr chun cabhrú le daltaí braistint inniúlachta a bheith acu ná a chumasú dóibh rannchuidiú leis an scoil (.i. bíonn freagracht amháin ar a laghad orthu a chabhraíonn leo a bhrath gur fearrde iad an scoil. )

**IV. Conas na straitéisí atá ag dalta chun déileáil le deacrachtaí a aithint.**

- Cad iad na príomhshlite atá ag an dalta seo chun déileáil leis an scoil agus le botúin (m.sh. cabhair a iarraidh, bulaíocht a chleacht, éirí as, an rang a chur ag gáire)?
- An mbíonn toradh dearfach nó diúltach ar na príomhshlite atá ag dalta chun déileáil le deacrachtaí?
- Conas a d'fhéadfaimis cabhrú leis an dalta seo chun straitéisí níos oiriúnaí a cheapadh chun déileáil le deacrachtaí (m.sh. cabhair a iarraidh agus a ghlacadh, straitéisí nua foghlama a fhorbairt)?

*As Brooks (2002) Creating Nurturing Classroom Environments: Fostering Hope and Resilience as an Antidote to Violence. Copyright 2002 by the National Association of School Psychologists, Bethesda, MD. Arna athchló le cead an fhoilsitheora.* www.nasponline.org

# Athbhreithniú ar an Aistriú chuig an Iar-bhunscoil Faoi Rún

**Ainm:** **Teanga an Bhaile:**

**Seoladh:**

**Dáta Breithe:**

**Scoil Láithreach:**

## ROINN A hAON EOLAS CÚLRA

- **Measúnú**

Measúnú/uithe déanta ar an dalta? Tá Níl

Dáta an Mheasúnaithe/Dátaí na Measúnuithe

Nádúr na ndeacrachtaí a léiríodh:

An bhfuil/an raibh tacaíocht ag an dalta ó ghníomhaireacht ar bith a sholáthraíonn seirbhísí síceolaíochta/síciatracha, teiripe urlabhra, teiripe shaothair, srl?

Tá Níl

Má tá, tabhair na sonraí, le do thoil:

Díolúine ón nGaeilge? (Ciorclaigh, le do thoil) Tá Níl

Teacht ar shaintacaíochtaí Theicneolaíocht Faisnéise? Tá Níl

Má tá, tabhair na sonraí, le do thoil:

Sonraigh aon trealaimh a aistreofar leis an dalta seo.

- **Torthaí trialacha a rinneadh le deireanas**

| RÉIMSE | AINM NA TRIALACH | DÁTA NA TRIALACH | SCÓIR CHAIGHDEÁNACHA/ SAINUIMHIR | ORD PEIRCINTÍLE |
|---|---|---|---|---|
| Cumas | | | | |
| Léitheoireacht | | | | |
| Litriú | | | | |
| Uimhirtheacht | | | | |
| Eile | | | | |

- **Nearta / riachtanais agus moltaí**

| |
|---|
| **Nearta**: |
| **Riachtanais Aitheanta**: |
| **Moltaí**: |

## ROINN A DÓ: SOLÁTHAR SA BHUNSCOIL

**Cineál na Tacaíochta**
**Tacaíocht Foghlama/Acmhainne/SNA**

**Minicíocht/Grúpáil**

**Na Príomhréimsí Foghlama/An Iompraíocht ar Díríodh Uirthi:**

**Aon chlár / mhodheolaíocht speisialta a úsáideadh?** (m.sh. clár léitheoireachta ar leith, grúpaí scileanna sóisialta srl.)?

**An bhfuil aon socrú speisialta ann?** (m.sh. obair bhaile dhifreáilte/úsáid na teicneolaíochta/áit suí sa seomra ranga)

**Bíodh cóip de IEP/ILP/Athbhreithniú a rinneadh le deireanas i gceangal leis seo, le do thoil.**

## ROINN A TRÍ: PLEANÁIL LE hAGHAIDH AISTRIÚ

**Riachtanais Churaclaim** (ábalta do raon iomlán ábhar/tráthchlár laghdaithe/nearta agus deacrachtaí le hábhair ar leith)

**Scileanna Foghlama** (ag leanúint treoracha/ ag léamh/ ag scríobh/ ag rannchuidiú le hobair ó bhéal)

**Scileanna Eagraíochtúla** (an cumas a b(h)ealach a dhéanamh timpeall na scoile/taisceadán a bhainistiú/trealamh a choimeád)

**Scileanna Sóisialta** (cairdeas le daoine ar leith/an cumas réiteach le daoine eile)

**Eile** (aon cheist/dúshlán ar leith)

**Ainmneacha na ndaoine a bhí i láthair ag an agallamh:**

An dtugann na tuismitheoirí cead an fhaisnéis seo a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil? Tabhair ainm na scoile____________________________

**Dáta:**

## Leagan Samplach de roinn Thoiliú Tuismitheora, le cur ar áireamh san Fhoirm Chláraithe Scoile

Tugaimid/tugaim ár gcead do mhúinteoirí ó *Scoil Ainmnithe* eolas a bhailiú, idir scríofa agus ó bhéal, ó bhunscoil mo linbh.

Síniú ______________________________

Tugaimid ár gcead/tugaim mo chead do mhúinteoirí ó *Scoil Ainmnithe* cóipeanna a fháil d'aon tuarascáil ghairmiúil maidir le hoideachas agus forbairt mo linbh, a sholáthraíonn an bhunscoil.

Síniú ______________________________

# Suirbhé Múinteoirí Ábhair

| Dalta | Múinteoir | Ábhar |
|---|---|---|

Roinn í seo ina dtaifeadfar rudaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas foghlama an dalta. Iarrtar ort ciorcal a chur timpeall uimhreacha ionas gur féidir comparáid a dhéanamh thar thréimhse ama.

| Réimse Imní | Critéir Scórála | Ráitis |
|---|---|---|
| Dearcadh i leith na foirne | Diúltach ---------Dearfach agus cuí<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Comhoibriú le piaraí | Ní féidir leis/léi rudaí a roinnt -------------Baineann taitneamh as súgradh le daoine eile /obair ghrúpa<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Inspreagadh | Fíorbheagán -------------------Féin-inspreagtha tugann spreagadh<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Rannpháirtíocht agus freagairt ó bhéal | Deoranta -------------- Fonnmhar a bheith nó cúthaileach rannpháirteach<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Fonnmhar i leith obair scríofa | Is annamh a bhíonn----------- Oibríonn go dian bródúil fonn oibre air/uirthi as a c(h)uid oibre<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Cur i láthair na hoibre | Is beag aire a thugtar ------------------- Bródúil i gcónaí as don obair as a c(h)uid oibre<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Ag leanúint treoracha ó bhéal | Bíonn treoir -------------------- Obair neamhspleách bhreise de dhíth ar a c(h)umas<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Ag leanúint treoracha scríofa | Ní thig/léi obair ------------------ Tig leis/léi aonair a dhéanamh obair aonair a dhéanamh<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Méid an ghrúpa ag teastáil | Caidreamh duine le duine -------------- Feidhmíonn sé/sí de dhíth i gcónaí i ngrúpa ar bith<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Iompraíocht sa rang | Cuireann sé/sí isteach ------------------ Ní chuireann sé/sí ar gach ceacht, nach mór isteach riamh ar cheacht<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Dul chun cinn ginearálta | Dul chun cinn ar bith ------------- Scileanna/Eolas ag méadú<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Cruthaitheacht agus nuáil | Fíorbheag samhlaíochta ------------------- Cruthaitheach agus á léiriú nuálach<br>1 2 3 4 5 6 | |
| Borb i leith na foirne agus piaraí 1 2 3 | Teanntásach agus cothrom Éighníomhach<br>4 5 6 | |
| Taghdanna / Pusacht 1 2 3 | Déileálann le teip go cuí In ísle brí agus deoranta<br>4 5 6 | |

Seol ar ais chuig______________________________roimh_____________

## Seicliosta: Mo Thuairimí mar Gheall ar an Scoil

AINM RANG DÁTA

| |
|---|
| Seo iad na rudaí is fearr liom ar scoil: |
| Seo iad na rudaí nach maith liom ar scoil: |
| Seo iad na rudaí a bhfuilim go maith acu: |
| Seo iad na rudaí atá deacair orm: |
| Bím sona sa rang nuair: |
| Bím sona i gcaitheamh am sosa agus am lóin nuair: |
| Seo iad mo chairde: |
| Bíonn cabhair ag teastáil uaim le: |
| D'fhéadfadh múinteoirí cabhrú liom trí: |
| Seo a déarfadh na múinteoirí fúm: |
| Seo a déarfadh mo thuismitheoirí fúm: |

# Seicliosta: Mo Thuairimí mar Gheall ar an Scoil

| |
|---|
| Seo iad na daoine fásta is mó a réitím leo sa scoil: |
| Bím i dtrioblóid ar scoil nuair: |
| Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann díomá ar mo mhúinteoirí: |
| Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann díomá ormsa: |
| Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann áthas ar mo mhúinteoirí: |
| Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann áthas orm: |
| Seo iad rialacha an ranga: |
| Má bhriseann duine ar bith riail: |
| Seo iad na duaiseanna is mó a thaitníonn liom: |
| Seo iad na rudaí nach mór dom a athrú: |

## Seicliosta Bailiththe Eolais

AINM DB RANG DÁTA

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| Chuathas i gcomhairle leis na tuismitheoirí | | |
| Athbhreithniú ar an Aistriú go dtí an Iar-bhunscoil | | |
| Eolas a bailíodh ón scoil roimhe seo, nó ó mhúinteoirí | | |
| Éisteacht/Radharc | | |
| Scileanna Mótair / Comhordú, gluaiseacht | | |
| Scileanna cumarsáide / teanga bhéil / éisteacht | | |
| Riachtanais Mhíochaine | | |
| Eolas ón scagadh ar dhaltaí nua | | |

| EOLAS<br>EOLAS ar leanúint... | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| Tástáil dhiagnóiseach / measúnuithe eile | | |
| Breathnóireacht ar stíl foghlama / cur chuige i leith na foghlama | | |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | | |
| Agallamh leis an dalta | | |
| Díolúine ón nGaeilge | | |
| Ualach Ábhar Laghdaithe | | |
| Curaclam Speisialta | | |
| Difreáil sa Rang | | |
| Oiriúnú ar an timpeallacht foghlama | | |
| Oiriúnú ar thimpeallacht an chlóis / na scoile | | |
| Comhairliúchán le gairmithe lasmuigh | | |
| Idirghabhálacha eile atá i bhfeidhm sa scoil | | |
| GNÍOMH AG TEASTÁIL | | |
| GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ | | |

# Treoir maidir leis an Seicliosta Bailithe Eolais a Chomhlánú

AINM DB RANG DÁTA

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| **Chuathas i gcomhairle leis na tuismitheoirí** | | Is den tábhacht é labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí chun aon ábhar imní a phlé. Éist lena bhfuil le rá acu mar gheall ar:<br>• Sláinte agus forbairt an linbh (gheofar eolas breise thíos)<br>• Eolas ábhartha mar gheall ar an teaghlach<br>• Nearta agus ábhar spéise an linbh<br>• An méid a fhoghlaimíonn an leanbh ag an mbaile agus ar scoil<br>• Cad iad nithe atá ag cothú deacrachtaí<br>• Cad a bheadh ina chabhair<br>Lena chois sin, fiafraigh an raibh aon ghníomhaireacht sheachtrach bainteach leis an dalta. |
| **Athbhreithniú ar an Aistriú go dtí an Iar-bhunscoil** | | Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá aitheanta agus doiciméadaithe, ba cheart Athbhreithniú ar an Aistriú chuig an Iar-bhunscoil comhlánaithe a bheith ar fáil ar theacht chuig an Iar-bhunscoil dóibh |
| **Eolas a bailíodh ón scoil roimhe seo, nó ó mhúinteoirí** | | Má d'aistrigh an dalta ó scoil eile, ba cheart eolas nuashonraithe ar dhul chun cinn agus torthaí aon mheasúnaithe agus idirghabhála a bheith ar fáil le cead na dtuismitheoirí. D'fhéadfadh eolas ó bhunscoileanna mar gheall ar fhoghlaim agus iompraíocht dalta bheith ina bhonn eolais do chláir agus do chleachtais scoile. D'fhéadfaí ainm na scoile agus tréimhse fhreastail an dalta ar an scoil sin a bheith ar an gcomhad. |
| **Éisteacht/ Radharc** | | Fiafraigh cathain ar tástáladh éisteacht an dalta agus cérbh iad na torthaí. Má tá deacracht ann, seiceáil: cá fhad a bhfuil an fhadhb ann; cé ar a bhfuil an dalta ag freastal; an leibhéal deacrachta; cibé an bhfuil tionchar ag an bhfadhb ar oideachas an dalta.<br>Fiafraigh cathain ar tástáladh radharc an dalta agus cérbh iad na torthaí. Má tá fadhb ann fiafraigh: cén saghas deacrachta é; cibé an gá don dalta spéaclaí a chaitheamh ar scoil agus más gá, cathain; má fhreastalaíonn siad ar speisialtóir, cibé an bhfuil tionchar ag an bhfadhb ar oideachas an dalta. |
| **Scileanna Mótair / Comhordú, gluaiseacht** | | Fiafraigh an bhfuil deacracht gluaiseachta ar bith ag an dalta (ag siúl, ag bogadh thart i bhfoirgneamh, ag dul suas staighre) nó le scileanna féinchabhracha (m.sh. iallacha a cheangal, éadaí a athrú, dul chuig an leithreas, bia nó deoch a ithe/ól) |
| **Scileanna cumarsáide / teanga bhéil / éisteacht** | | Is féidir eolas mar gheall ar chumas cumarsáide an dalta a bhailiú ó mhúinteoirí. D'fhéadfadh eolas a bheadh ar áireamh ann mar gheall ar chumas an dalta éisteacht le treoracha agus cloí leo, tuairim a chur in iúl nó mothúcháin a chur i bhfocal agus rud éigin mar gheall ar a fhonnmhaire atá an dalta bheith rannpháirteach ó bhéal (i ngrúpaí beaga agus sa ghrúpa ginearálta ranga). |

| | | |
|---|---|---|
| **Riachtanais Mhíochaine** | | Seiceáil an bhfuil an dalta i ndea-shláinte. Muna bhfuil, bailigh sonraí ábhartha m.sh. cógais leighis / cóireáil / asma / eachma /ailléirgí srl. |
| **Eolas ón scagadh ar dhaltaí nua** | | Bailigh eolas mar gheall ar na cineálacha scagthástálacha seo a leanas, más gá:<br>• Trialacha chumais ghinearálta agus trialacha réasúnaíochta, ar nós CAT-3, Triail Éirime Neamhléitheoireachta (NRIT), trialacha réasúnaíochta Dhroim Conrach<br>• Trialacha léitheoireachta agus litrithe, ar nós Ghrúpthriail Léitheoireachta NFER<br>• Trialacha a dearadh sa scoil i réimsí ábhair ar leith (Gaeilge, mata, scileanna scríbhneoireachta) Féach **lch 40 den Bheart Acmhainní** |
| **Tástáil dhiagnóiseach / measúnuithe eile** | | • D'fhéadfadh tástáil bhreise a bheith ina cabhair chun nádúr agus méid na ndeacrachtaí a chinneadh, gheofar sonraí breise **lch 43** den **Bheart Acmhainní** |
| **Breathnóireacht ar stíl foghlama / cur chuige i leith na foghlama** | | Smaoinigh ar na nithe seo a leanas:<br>• Cibé an trí bheith ag féachaint, ag éisteacht nó ag déanamh is fearr a fhoghlaimíonn an dalta<br>• An cur chuige atá acu i leith taisc (féinmhuinín, imní)<br>• Mar a bhíonn siad le daoine eile agus iad ag foghlaim<br>• An tslí a dhéanann siad an obair a phleanáil agus tabhairt faoi<br>• Conas a dhíríonn siad ar thasc?<br>• Cén t-aiseolas a bhíonn uathu?<br>• An oibríonn siad go cruinn agus go tapa?<br>• An dtugann siad aird ar shonraí? |
| **Breathnóireacht ar iompraíocht** | | Breathnaigh iompraíocht an dalta i suíomhanna éagsúla (rang, grúpa beag, obair bheirte, sa chlós, sna dorchlaí) Taifead an méid atá le feiceáil nó le cloisteáil (m.sh. díriú ar an obair, scileanna sóisialta) Breathnaigh iompraíocht an dalta i suíomhanna éagsúla. Taifead an méid atá le feiceáil nó le cloisteáil. Déan nóta de mhinicíocht na hiompraíochta (uair sa tseachtain, trí huaire sa lá, deich n-uaire le linn ceachta). Taifead na rudaí as a leanann an iompraíocht (an uair, an áit, an duine, an ceacht/tasc). Déan nóta d'iarmhairtí na hiompraíochta (cad a tharla dá bharr m.sh. conas a d'fhreagair an múinteoir dó?) Ar seachnaíodh an obair? Ar choimeád na hiarmhairtí an fhadhb ar siúl? Déan anailís ar na torthaí leis an bhfoireann tacaíochta nó le gairmithe eile. |
| **Agallamh leis an dalta** | | Ag brath ar nádúr riachtanais an dalta fiafraigh den dalta cad iad na rudaí scoile a bhraitheann siad go bhfuil siad go maith acu agus na rudaí a bhraitheann siad atá deacair, na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo, cé na daoine ar maith leo agus nach maith leo bheith ag súgradh agus ag obair leo. Má tá deacracht iompraíochta ag an dalta, fiafraigh díobh an eol dóibh cad é atá ag déanamh buartha dóibh nó ag tarraingt trioblóide orthu. Faigh amach conas a bhraitheann an dalta sna staideanna sin agus má tá aon smaoineamh acu faoin tslí leis an gcás a fheabhsú (féach Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil, **Beart Acmhainní, lgh 30-31)** |

| | | |
|---|---|---|
| **Díolúine ón nGaeilge** | | Déan nóta de cibé an bhfuil díolúine ag an dalta agus cad é an soláthar malartach oideachais a dhéantar le linn ranganna Gaeilge |
| **Ualach Ábhar Laghdaithe** | | Déan nóta de cibé an bhfuil ualach iomlán ábhar ag an dalta agus sonraigh aon ábhar nach bhfuil á dhéanamh acu |
| **Curaclam Speisialta** | | Déan nóta de cibé an bhfuil an dalta ag leanúint aon churaclaim ar leith, ar nós Teastas Sóisearach - Clár Scoile, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, srl. |
| **Difreáil sa Rang** | | Fiafraigh an bhfuil cumas an dalta agus a leibhéil ghnóthachtála ar aon dul leis na tascanna a shocraítear; cibé an féidir leis an dalta na tascanna a dhéanamh; cibé an modheolaíocht ábhair agus acmhainní ilchineálacha iad atá ar aon dul le stíl foghlama an dalta. |
| **Oiriúnú don timpeallacht foghlama** | | Smaoinigh ar thimpeallacht an tseomra ranga, ar na tosca sóisialta, ar an gcaidreamh, ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim (Féach Seicliosta na Timpeallachta Foghlama, Ranna B & C, **lgh. 9-12 den Bheart Acmhainní**). |
| **Oiriúnú ar thimpeallacht an chlóis / na scoile** | | Smaoinigh ar na háiteanna súgartha, na dorchlaí, an halla corpoideachais, an láithreán agus ar cheisteanna a bhaineann leis an scoil uile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an bhfoghlaim nó ar an teagasc. |
| **Comhairliúchán le gairmithe lasmuigh** | | Iarr comhairle nó eolas gairmiúil ábhartha ar, mar shampla: Múinteoir Cuartaíochta; Síceolaí NEPS; Teiripeoir Urlabhra agus Teanga. |
| **Idirghabhálacha eile atá i bhfeidhm sa scoil** | | Liostaigh aon idirghabháil eile atá i bhfeidhm dála club bricfeasta, club obair bhaile, piarmheantóireacht, córas páirtíochta, teiripe ealaíne, teiripe dhrámaíochta. |
| **GNÍOMHARTHA AG TEASTÁIL** | | Ba cheart na gníomhartha seo a bheith sainiúil agus inláimhsithe do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí araon. Níor cheart ach líon beag gníomhartha a aontú (ceithre cinn, nó mar sin). Iarrtar ort féachaint ar theimpléad an Phlean Tacaíochta Ranga/Ábhair NÓ ar theimpléad an Phlean Tacaíochta Scoile. |
| **GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ** | | Tar éis tréimhse idirghabhála aontaithe, ba cheart torthaí na ngníomhartha a chomhroinnt le tuismitheoirí agus leis an bhfoireann tacaíochta cuí. (Gheofar i dteimpléad an Phlean Tacaíochta Ranga/Ábhair NÓ i dteimpléad an Phlean Tacaíochta Scoile samplaí den tslí leis an athbhreithniú seo a thaifead.) Ag Céim 2 ba cheart riachtanais agus dul chun cinn an dalta a chur in iúl don Phríomhoide. |

## Conas Tuarascálacha Síceolaíocha a Thuiscint

Is minic a thuairiscítear trialacha ar chumas intleachtúil nó cognaíoch i dtéarmaí chatagóir chumais an dalta, ach amanna eile tuairiscítear iad i dtéarmaí scór uimhriúil. Baineann trialacha éagsúla úsáid as sainmhínithe éagsúla agus fiú sa triail chéanna, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as sainmhínithe difriúla i leaganacha difriúla. An triail is coitianta in Éirinn ná an Wechsler Intelligence Scale for Children, atá sa cheathrú eagrán anois (WISC IV, 2004).

**IQ (scóir chaighdeánacha), peircintílí agus aicmiú cumais**

| Scór IQ (scór caighdeánach) | Peircintíl | Aicmiú Cumais |
|---|---|---|
| 130+ | 98-99 | An-ard, ardchéimiúil, tréitheach |
| 120-129 | 91-97 | Ard, ardchéimiúil |
| 110- 119 | 75-90 | Meánach ard, os cionn an mheáin |
| 90-109 | 25-74 | Meánach |
| 80-89 | 9-24 | Meánach íseal, maolaigeanta, normalach |
| 70-79 | 3-8 | Íseal, ar an teorainn |
| Faoi 70 (50-69) | 1-2 | An-íseal go deo, deacrachtaí/míchumais foghlama éadroma, míchumas meabhrach éadrom |
| Faoi 50 | 0.1 | Deacrachtaí/míchumais foghlama measartha, míchumas meabhrach measartha |

### Scóir Chaighdeánacha

Is iomaí cineál trialach a thuairiscíonn scóir chaighdeánacha, lena n-áirítear trialacha litearthachta agus trialacha chumais intleachta. Déantar triail a chaighdeánú ar dhaonra ar leith agus taispeánann scóir chaighdeánacha an áit a bhfuil an duine atá faoi mheasúnú, i gcomparáid leis an gcohórt a ndearnadh an triail a chaighdeánú orthu. Is éasca scóir chaighdeánacha a thiontú go peircintílí. Scór meánach is ea scór caighdeánach de 100. Scór an-íseal is ea scór caighdeánach de 70 agus scór an-ard is ea scór caighdeánach de 130.

### Peircintílí

Taispeánann peircintíl an tslí a fheidhmíonn duine i gcomparáid le 100 duine eile ag an aois chéanna. Mar sin, dalta a fhaigheann peircintíl de 27, chruthaigh sé chomh maith céanna nó níos fearr ná 27 as 100 leanbh ag an aois chéanna – rud atá laistigh den raon meánach.

**Comhpháirteanna na dTrialacha Chumais Intleachta / Choigníche**

Is gnách trialacha IQ a mhiondealú ina dtascanna briathartha (rudaí a mhíniú, éisteacht, an méid a chualathas a thabhairt chun cuimhne, srl.) agus tascanna feidhmíochta (de ghnáth gníomhaíochtaí ar nós puzail a dhéanamh agus tascanna inar gá féachaint agus rud a dhéanamh, a mbíonn teorainneacha ama ag gabháil leo uaireanta). Is minic a thugtar toradh maidir leis an IQ briathartha agus an IQ feidhmíochta faoi seach, a ríomhtar ina dhiaidh sin ina IQ lánscála. Déanann WISC IV é sin a mhiondealú tuilleadh trí scóir a thabhairt ar son réasúnú aireachtála (feidhmíocht), tuiscint bhriathartha (briathartha) agus dhá thoisc eile, luas próiseála agus cuimhne oibre.

**Fothrialacha Lárnacha den WISC IV**

Seo thíos sampla de na fothrialacha a úsáidtear sa WISC IV. Scór meánach is ea scór scálaithe de 10, le raon idir 1 agus 19.

**Tuiscint Bhriathartha**

Cosúlachtaí (á rá conas a théann rudaí le chéile, m.sh. gorm agus dearg)
Foclóir (ag míniú focal)
Cluastuiscint (ceisteanna gnáthchéille)

**Cuimhne Oibre**

Seichimh Litir-Uimhir (cuimhneamh ar litreacha agus uimhreacha agus iad a chur in ord)
Réise Dhigiteach (ag cuimhneamh ar sheichimh uimhreacha agus á n-athrá)

**Réasúnaíocht Aireachtála**

Blocdearadh (ag déanamh pátrún le ciúbanna)
Coincheapa Pictiúir (ag oibriú amach rialacha aicmithe le pictiúir)
Réasúnaíocht Mhaitríseach (an pátrún ceart a roghnú chun seicheamh a chríochnú)

**Luas Próiseála**

Códú (cód a thrascríobh)
Cuardach siombailí (siombailí físeacha a aimsiú agus a mharcáil ó rogha siombailí)

**Innéacs Chumais Ghinearálta**

Má tá difríochtaí atá suntasach go staitistiúil i measc na gceithre réimse a ndéantar tástáil orthu ar an WISC IV, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé iomchuí toradh lánscála IQ a thuairisciú. Ag brath ar phátrún na scór, d'fhéadfadh an síceolaí, ina ionad sin, **Innéacs Chumais Ghinearálta (GAI)** a thuairisciú. Baineann an tInnéacs sin úsáid as scóir ó thuiscint agus ó réasúnaíocht aireachtála mar bhonn cumais, agus tuairiscítear scóir luas próiseála agus cuimhne oibre mar mhíreanna ar leithligh. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha i gcás daltaí a bhfuil disléicse orthu, toisc go mbíonn laigí ar leith acu sa chuimhne oibre agus/nó sa luas próiseála.

**Teorainneacha na dTrialacha Síciméadracha**

Ní féidir torthaí aon trialach siciméadraí aonair a léirmhíniú ina n-aonar. Gnéithe tábhachtacha den mheasúnú iomlán is ea faisnéis ó thrialacha gnóthachtála, breathnóireacht an mhúinteora agus tuairiscí ó thuismitheoirí.

Trialacha is ea trialacha síciméadracha a caighdeánaíodh ar dhaonra ar leith, agus is den tábhacht é a thuiscint nach ar dhaonra Éireannach a caighdeánaíodh an WISC agus an WIAT (Trialacha Gnóthachtála Aonair Wechsler) ach go mbraitheann tástálaithe ar shonraí a gineadh ó noirm Bhriotanacha. Bíonn deacrachtaí ar leith ag gabháil le trialacha a dhéanamh ar leanaí nuair is mór idir a gcultúr baile agus cultúr baile na leanaí ar caighdeánaíodh an triail orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina thoisc agus ba cheart é a chur san áireamh nuair a bhíonn torthaí do leanaí Taistealaithe agus do leanaí a tháinig ó chultúir lasmuigh den domhan iartharach á mbreithniú.

## Treoirlínte maidir le Scagadh Daltaí Nua

Cé nach bhformhuiníonn NEPS ná an Roinn aon triail ar leith, aibhsíonn an t-eolas a chuirtear ar fáil anseo trialacha a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair d'iar-bhunscoileanna ó thaobh na scagthástála agus na tástála diagnóisí. Tá liosta iomlán de thrialacha formheasta curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, NEPS, Cumann Tacaíocht Foghlama na hÉireann, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann agus leis an gCigireacht. Gheofar an liosta, *Tests approved for use in 2009/2010 for guidance and/or learning support in Post-Primary Schools* ag an nasc seo a leanas:

http://www.education.ie/home/home.jsp?maincat=&pcategory=10815&ecategory=20066&sectionpage=&subject=20157&language=EN&link=&page=

Níor cheart toradh aon trialach ar leith a bhreithniú ina aonar agus ba cheart torthaí trialach a bhreithniú i gcónaí in éineacht le heolas eile: eolas ó thuismitheoirí, eolas ón mbunscoil, eolas ó mhúinteoirí, srl. Moltar an scagadh ar dhaltaí nua a bheith ina chomhiarracht idir an treoirchomhairleoir /múinteoir tacaíochta foghlama / múinteoirí ábhair, mar is cuí.

Lena chois sin, ní mór do scoileanna a bheith feasach ar na rioscaí a ghabhann le lipéadú luath, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le hionchais nó daltaí a choinsíniú go grúpa ar leith.

### Trialacha Chumais Ghinearálta

Is féidir na trialacha seo a úsáid chun tuiscint a fháil ar chumas ginearálta intleachta nó cognaíoch an dalta. Chomh maith le cabhrú chun daoine a mbeadh an fhoghlaim acadúil deacair orthu a aithint, d'fhéadfadh eolas ó thrialacha dá sórt a úsáid le hais torthaí trialacha litearthachta chun daltaí a mbeadh deacracht foghlama ar leith acu, disléicse cuir i gcás, a aithint. I gcásanna dá sórt, beidh an riarthóir ag lorg neamhréiteach suntasach idir an leibhéal ginearálta cumais agus an ghnóthachtáil i réimse litearthachta ar bith.

I gcoitinne, roghnóidh scoileanna triail amháin chumais ghinearálta le cur ar áireamh sa phróiseas scagtha, cé go bhféadfaí trialacha forlíontacha a úsáid níos déanaí má bhíonn eolas breise de dhíth.

**Non Reading Intelligence Test, Level 3, 1989, D Young, Hodder and Stoughton**
Ar scileanna briathartha a dhíríonn an triail ghrúpa seo. Díol suntais is ea é nach gá scileanna léitheoireachta (cé gur gá eolas éigin ar an aibítir). Tógann sé 45 nóiméad nó mar sin an triail seo a riar agus is do mhúinteoirí cáilithe a ceapadh é. Tá Leibhéal 3a caighdeánaithe suas go haois 13 bliana, 11 mhí. Bheadh an NRIT úsáideach chun leanaí san aoisraon sin a bhféadfadh deacracht ghinearálta foghlama a bheith acu a aithint, ach ní

thugann sé eolas caighdeánaithe mar gheall orthu siúd atá sa chuid uachtarach den raon meánach, nó mar gheall ar leanaí a bhféadfadh cumas os cionn an mheáin a bheith acu. Is cosúil, ó thaighde atá déanta ag síceolaithe NEPS, gur féidir comhghaolú réasúnta maith a dhéanamh idir torthaí NRIT agus torthaí WISC IV.

**Triail Réasúnaíochta Dhroim Chonrach, 1998, An Foras Taighde ar Oideachas**
Triail oibiachtúil ghrúpa is ea Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach (DRT) a thástálann scileanna cognaíocha. Is féidir úsáid a bhaint as chun daltaí atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a mheasúnú, nó i mblianta luatha na scolaíochta iar-bhunscoile. Dhá fhoirm chomhthreomhara den DRT atá ann (Foirm A agus Foirm B). Dhá fhothriail atá i ngach foirm, Réasúnaíocht Bhriathartha agus Cumas Uimhriúil. Uair go leith nó mar sin a thógann an triail. Marcálann na daltaí a gcuid freagraí ar leathanach freagraí de láimh (a scóráiltear ina dhiaidh sin le peann luaidhe scórála), nó ar leathanach freagraí a scóráiltear le meaisín (ar féidir é a chur chuig an bhForas Taighde ar Oideachas lena scóráil le meaisín).

Daoine cáilithe amháin a fuair oiliúint i riar agus i léirmhíniú trialacha síceolaíochta (m.sh. treoirchomhairleoirí, síceolaithe) a cheadaítear an DRT a úsáid. Tá sé de bhuntáiste ag an triail seo gur ar dhaltaí Éireannacha a normadh í.

**Cognitive Abilities Test, third edition (CAT 3) 2003, gl-assessment**
Triail ghrúpa í seo, a thaiscéalann trí réimse cumais: briathartha, cainníochtúil agus neamhbhriathartha. Do dhaltaí san aoisraon 7 mbliana 6 mhí go 17 mbliana a oireann sé. Gheofar noirm Éireannacha don CAT 3, Leibhéal E (11.06-14.00+) agus Leibhéal F (13.06-15.00+) lena n-íoslódáil saor in aisce ó Educational Evaluation (www.edev.ie). Do dhaltaí chéad bhliana iar-bhunscoile a oireann Leibhéal E. Féadfaidh múinteoirí CAT 3 a úsáid, ach ní mór dóibh bheith ina n-úsáideoirí cláraithe. Ó Educational Evaluation amháin a gheofar CAT 3 Leibhéal E na hÉireann, féachtar www.edev.ie

## Scileanna Litearthachta a Thástáil - Léitheoireacht

Is iomaí bealach atá ann leis an léitheoireacht, lena n-áirítear léamh focal, críochnú abairtí agus cleachtaí dúnta, a thástáil. Trialacha aonair de réir nádúir is ea trialacha léitheoireacht focal, agus is gnách do thrialacha grúpa, a úsáidtear chun críocha scagtha, a bheith bunaithe ar mhéid áirithe tuisceana. Ba cheart do mhúinteoirí a bheith feasach gur féidir le daltaí áirithe feidhmiú go maith i dtasc léamhthuisceana, ach deacracht shuntasach a bheith acu i gcónaí le cruinneas agus líofacht léitheoireachta.

**MICRA-T (2004) Triail Ghnóthachtáil Léitheoireachta Choláiste Mhuire gan Smál**
Ceapadh Leibhéal 4 den triail lena húsáid le daltaí bunscoile rang a cúig agus rang a sé agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do scagadh samhraidh ar dhaltaí nua. Triail ghrúpa í seo agus í normaithe ar dhaltaí Éireannacha.

**Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach - arna leasú 2007**
Uair an chloig agus 35 nóiméad nó mar sin a thógann an triail ghrúpa seo. Tástálann sé idir fhoclóir léitheoireachta agus léamhthuiscint agus oireann Leibhéal 6 do dheireadh rang a sé (agus mar sin do scagadh daltaí nua). Ar dhaltaí Éireannacha a rinneadh an triail a normadh.

*I gcás ina socraíonn scoil ar úsáid a bhaint as triail a caighdeánaíodh lena húsáid le daltaí rang a sé, d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair an cleachtas i mbunscoileanna a sheiceáil, ionas nach mbeidh aon dúbailt neamhriachtanach nó rioscaí toradh cleachtaidh ann.*

**Group Reading Test, GRT II, gl-assessment (2005)**
Caighdeánaíodh na foirmeacha do chríochnú abairtí (C & D) agus na foirmeacha do thuiscint comhthéacs (X & Y) (de réir noirm Bhriotanacha) do dhaltaí atá idir 9 mbliana agus 15 bliana, 3 mhí. Trialacha grúpa iad seo a thógann 30 nóiméad nó mar sin.

## Scileanna Litearthachta a Thástáil - Litriú

Féadfaidh triail scileanna litrithe a bheith ina chabhair mhór chun daoine a bhféadfadh discléicse a bheith orthu a aithint. Ba cheart do mhúinteoirí aird ar leith a thabhairt ar na daltaí sin atá ag tearcfheidhmiú i gcomparáid lena ngnáthleibhéal cumais.

Is iomaí scoil a bhaineann úsáid as an **Triail Litrithe d'Fhocal Aonair, (SWST 2003)** nfer-nelson (caighdeánaithe suas go haois a 14) ach is beag cóip den triail sin atá fós i gcló. Malairt oiriúnach air sin is ea **The British Spelling Test Series, (1996), gl-assessment, leibhéal 3**. Tá sé caighdeánaithe ó aois a 9 go dtí a 15 bliana, 11 mí agus is féidir an triail a thabhairt do ghrúpa nó do dhuine aonair. Tógann an triail idir 35–40 nóiméad agus ar noirm an RA atá sí bunaithe. Bheadh an **Graded Word Spelling Test (2006)** oiriúnach chomh maith. Athleagan ar thrialacha Vernon atá ann. Caighdeánaíodh é do na haoiseanna 5 go 18+, agus is féidir í a thabhairt do dhaoine aonair nó do ghrúpaí; tógann sé idir 20-30 nóiméad. Noirm an RA a úsáidtear ann.

**Trialacha litearthachta eile**
**Deachtú Neamhfhoirmiúil**
D'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair iarraidh ar dhaltaí píosa gearr deachtaithe a dhéanamh. Is féidir le triail dá sórt eolas úsáideach a sholáthar mar gheall ar raon scileanna, lena n-áirítear: an ráta scríbhneoireachta, inléiteacht na scríbhneoireachta, scileanna éisteachta agus scileanna litrithe. Cé nach bhfuil torthaí caighdeánaithe ar fáil, ba cheart go mbeadh sé ar chumas múinteoir cleachtach daltaí a bhfuil scileanna laga acu sna príomhréimsí sin a aithint. D'fhéadfadh trialacha diagnóiseacha breise bheith de dhíth ar na daltaí sin.

Triail eile atá ar fáil ná an **Detailed Assessment of Speed of Handwriting Test (DASH 2007, Harcourt Assessment)** ar triail ghrúpa í atá caighdeánaithe ó aois 9 mbliana go 16 bliana, 11 mí. Leath uair an chloig a thógann sé agus tá cúig fothriail ghearra i gceist leis , lena n-áirítear gníomhaíocht saor-scríbhneoireachta deich nóiméad. Féachtar www.pearsonpsychcorp.co.uk

**Scileanna Matamaiticiúla á Thástáil**

Cé go bhfuil líon áirithe trialacha matamaitice grúpa ar fáil, tá mórchuid trialacha Briotanacha agus Meiriceánacha ann nach bhfuil bunaithe ar churaclam na hÉireann agus ar ndóigh d'fhéadfadh airgeadra nach é an euro é a bheith in úsáid iontu sna ceisteanna airgid. Tá comhpháirteanna matamaiticiúla i d**Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach** agus sa **Cognitive Abilities Test-3** araon (réasúnaíocht uimhriúil sa chéad cheann agus réasúnaíocht chainníochtúil sa cheann deiridh) agus is iomaí scoil a bhraitheann gur leor an t-eolas sin chun scagadh a dhéanamh ar dhaltaí nua.

## Treoir maidir le conas Trialacha Diagnóiseacha agus Trialacha Aonair agus Trialacha do na Daltaí is Sine a úsáid

**Trialacha Cumais/ Inniúlachta do na Daltaí is Sine**

Tá an **CAT 3** (féach thuas) caighdeánaithe suas go haois a 17 agus mar sin féadfaidh sé a bheith úsáideach i gcónaí do na daltaí is sine. Lena chois sin, measann scoileanna áirithe gur cabhair iad na **Differential Aptitude Tests for Schools (DATS 1997)**, chun cumais a aithint i dtreo dheireadh na sraithe sóisearaí. Is féidir iad úsáid leis na daltaí is sine agus noirm Éireannacha atá acu. Tá ocht gcinn de fhothrialacha ag DATS: réasúnaíocht bhriathartha, réasúnaíocht theibí, luas agus cruinneas aireachtála, réasúnaíocht mheicniúil, tuiscint ar spás, litriú agus úsáid teanga. Do threoirchomhairleoirí a ceapadh an triail seo.

**Trialacha Cumais do Dhaltaí nach é an Béarla a gCéad Teanga**

Féadfaidh sé a bheith fadhbach tástáil a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil cúlraí teanga agus cultúrtha difriúla acu (leanaí Taistealaithe ina measc). Féadfaidh múinteoirí riachtanas speisialta úsáid a bhaint as na trialacha seo. Ach triail réasúnta costasach is ea an Nagleiri (féach thíos) agus is fearr é a roinnt idir grúpa scoileanna, ó Lárionad Oideachais áitiúil, b'fhéidir.

D'fhéadfadh an **Ravens Progressive Matrices- Revised 2008** a bheith úsáideach. Meastar gur triail í seo atá saor ó theanga agus cothrom ó thaobh cultúir. Oireann sí do ghrúpaí agus do Dhaltaí aonair araon agus don aoisraon iomlán (5 bliana go 80 bliain).

Triail eile atá saor ó thaobh teanga agus cothrom ó thaobh cultúir is ea an **Naglieri Non-Verbal Test (1996)**. Triail ghrúpa í seo a bhfuil noirm Bhriotanacha aici agus a oireann don aoisraon idir 5 agus 17 mbliana. Tá leagan níos cothroime le dáta (2003) ar fáil do dhaltaí aonair.

## Trialacha Litearthachta do na Daltaí is Sine

Oireann an **Adult Reading Test (2004)** don aoisraon idir 16 – 55 bliain. Ach is do dhaoine aonair amháin an triail seo. Noirm Bhriotanacha atá aici agus is é an Psychological Corporation a fhoilsíonn é.

Sna **Wide Range Achievement Tests (WRAT 4 2006)** gheofar trialacha léitheoireacht focal, léamhthuisceana agus litrithe. Oireann sé don aoisraon ar fad agus noirm SAM atá aici. Triail do dhaoine aonair í agus tá measúnú matamaitice mar chuid de. D'fhéadfadh an triail sin a bheith ina chabhair chun iarratais RACE a bhreithniú.

## Trialacha Léitheoireachta Diagnóiseacha

Baintear úsáid as an **Neale Analysis of Reading Ability (NARA II 1997)** go forleathan ach is ar éigean a oireann sé d'iarbhunscoileanna toisc nach bhfuil sé caighdeánaithe ach suas go dtí 12 bhliain, 11 mí. Soláthraíonn sé measúnú cuimsitheach ar an ráta léitheoireachta, ar chruinneas na léitheoireachta agus ar léamhthuiscint. Noirm Bhriotanacha is ea a úsáidtear inti.

Triail nós cothroime le dáta, a chlúdaíonn aoisraon níos leithne is ea an **Diagnostic Reading Analysis (2006)** arna fhoilsiú ag Hodder. Clúdaíonn sé an t-aoisraon 7 mbliana go 16 bliana agus oireann sí go háirithe chun na daltaí is lú cumais a thástáil. do Dhaltaí aonair a thugtar é agus clúdaíonn sé cruinneas na léitheoireachta, léamhthuiscint, líofacht léitheoireachta agus an ráta léitheoireachta.

Ar deireadh, is féidir le múinteoirí an Wechsler Individual Achievement Test a úsáid. Is féidir **WIAT for Teachers II (2006**) a úsáid trasna an aoisraoin. Ar noirm Bhriotanacha agus Mheiriceánacha atá sé bunaithe. Measúnú aonair é a chlúdaíonn na réimsí seo a leanas: léitheoireacht focal, léamhthuiscint, ráta léitheoireachta agus litriú.

## Trialacha Matamaitice Aonair agus Diagnóiseacha

Tairgeann an tsraith **Progress in Maths** trialacha do dhaltaí atá 12, 13 and 14 bliana. Trialacha grúpa iad, ach is féidir iad a thabhairt do dhaltaí aonair, leis. Trialacha diagnóiseacha iad a sholáthraíonn eolas ar riachtanais foghlama. Ar noirm Bhriotanacha atá siad bunaithe agus gl-assessment a fhoilsíonn iad.

Faoi mar a dúradh thuas, tá triail aonair matamaitice ar áireamh i **WRAT 4 (2006)** agus í caighdeánaithe trasna an aoisraoin ar fad ar noirm Mheiriceánacha.

## Scagadh le haghaidh Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta

Is lú an méid ionstraimí atá ann chun daoine a scagadh féachaint an bhfuil deacrachtaí, sóisialta, mothúchánacha nó iompraíochta acu. Ar eolas bunaithe ar bhreathnóireacht múinteora a bhraitheann formhór na scoileanna agus féadfaidh siad úsáid a bhaint as modhanna neamhchaighdeánaithe, ar nós **An Chreata um Scagadh Iompraíochta (Beart Acmhainní, lch 45)** nó an **Suirbhé Múinteoir Ábhair** (**Beart Acmhainní, lch 29**). Ach d'fhéadfadh an **Ceistneoir ar Nearta agus ar Dheacrachtaí** a bheith ina chabhair do scoileanna. Ceistneoir gairid scagtha iompraíochta is ea an SDQ 1997. Tá leaganacha de ann a d'fhéadfadh daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí a úsáid. Taiscéalann sé réimsí ar nós deacrachtaí mothúchánacha, fadhbanna iompraíochta, hipirghníomhaíocht/easpa airde. piarchaidreamh agus iompraíocht shóisialta. Oireann leagan na ndaltaí do dhaltaí san aoisraon 11-16. Tá sé ar fáil le híoslódáil saor in aisce! www.sdqinfo.com

Ó thaobh eolas a bhailiú agus pleanáil faoi choinne idirghabhálacha éifeachtacha, uirlis úsáideach eile is ea an **Special Needs Assessment Profile-Behaviour (SNAP-B 2006)**. Beart d'ábhair measúnaithe agus idirghabhála iompraíochta is ea é, a oireann don aoisraon 5-16 bliana. Áirítear air ábhar ar bhreathnóireacht struchtúrtha, ceistneoirí struchtúrtha do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí agus CD-Rom ina gcomhthiomsaítear an t-eolas i bhfoirm próifíl ghrafach de dheacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta, a ghineann dá éis raon straitéisí tacaíochta agus idirghabhála do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Lena chois sin, is féidir leis an mbeart acmhainní **Towards Better Behaviour** (Jolly and McNamara 1991) a bheith ina chabhair do scoileanna, ó thaobh idirghníomhaíochtaí ranga uile a bhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil imní ann mar gheall ar a gcuid iompraíochta. Tacaíonn an beart acmhainní seo le múinteoirí atá ag iarraidh iompraíocht fhadhbach a aithint, comhthéacs na hiompraíochta sin a thuiscint agus idirghabháil a dhíriú ar chineálacha iompraíochta ar leith.

*Is den tábhacht é múinteoirí a bheith ar an eolas faoi theorainneacha na n-ionstraimí scagtha. Ba cheart na trialacha seo a úsáid go híogair agus níor mhiste do mhúinteoirí dul i gcomhairle le síceolaí NEPS de réir mar is gá.*

## An Creat um Scagadh Iompraíochta

Soláthraíonn scagadh bonn le haghaidh idirghabháil éifeachtach. Moltar na nithe seo a leanas a bheith sa scoil uile sula dtosaítear ar phróiseas scagtha iompraíochta:

- Ionchais shoiléire do dhaltaí
- Nósanna imeachta agus próisis shoiléire chun ionchais dhearfacha a mhúineadh
- Córas chun athneartú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí a léiríonn ionchais dhearfacha

**Céimeanna chun Idirghabhálacha a Phleanáil ar son Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Iompraíochta acu**

1. Daltaí a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol' ó thaobh deacrachtaí iompraíochta nó mothúchánacha, cibé deacrachtaí léirithe nó ceilte, a fhorbairt
2. Déantar scagadh eile ina ndírítear ar thimpeallacht iompraíochta agus foghlama an dalta
3. Cuirtear athruithe i bhfeidhm sa timpeallacht
4. Athbhreithniú: Mura bhfeictear aon athrú dearfach ar iompraíocht, faightear toiliú eolasach do chruinniú comhairliúcháin próisis
5. Tionóltar cruinniú comhairliúcháin próisis sa scoil
6. Mí níos déanaí tionóltar cruinniú athbhreithnithe
7. Mura bhfuil aon dul chun cinn ann maidir le hiompraíocht an dalta, déantar scagadh diagnóiseach eile
8. Ina dhiaidh sin, déantar idirghabhálacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm faoi réir athbhreithniú leanúnach
9. Má tá údar imní ann fós, ansin is gá idirghabháil aonair níos déine a cheapadh trí Chlár Tacaíochta Dea-Iompraíochta

Suíonn na táblaí seo a leanas Scagadh Iompraíochta laistigh den Leanúntas Tacaíochta

| Leanúntas Tacaíochta | Scagadh Iompraíochta | Leibhéal tacaíochta |
|---|---|---|
| **Tacaíocht do CHÁCH** | Daltaí atá 'i mbaol' a aithint<br>LEC-Roinn A | Indíreach |
| **Tacaíocht Scoile** | LEC – Ranna B & C<br>Comhairliú & athbhreithniú | Indíreach & díreach |
| **Tacaíocht Scoile Móide** | Tógáil ar eolas ó chéimeanna roimhe sin - d'fhéadfadh scagadh breise aonair a bheith de dhíth, ar nós Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil nó Suirbhé ar Mhúinteoirí Ábhair | Díreach |

# An Creat um Scagadh Iompraíochta

Achoimre is ea an léaráid seo a leanas ar an bpróiseas scagtha iompraíochta.

## Daltaí a fhaigheann Tacaíocht do CHÁCH

**Daltaí atá 'i mbaol' a aithint:**

Is iad múinteoirí ábhair na chéad mhúinteoirí a chomhlánaíonn an *Fhoirm um Scagadh Iompraíochta.* Liostaíonn gach múinteoir daltaí ina rang a bhfuil imní orthu fúthu faoi dhá chatagóir –Ag léiriú agus Ag ceilt. Liostaítear 3 -5 dalta faoin gcatagóir Ag léiriú agus 3-5 dalta faoin gcatagóir Ag ceilt. *Ní mór a chur san áireamh go bhfeadfadh an dalta céanna iompraíocht léirithe agus iompraíocht cheilte a léiriú.*

1. An múinteoir comhordaithe a chomhlánaíonn an *Chairt Achomair um Scagadh Iompraíochta.* Déantar na 3-5 ainm i liosta an mhúinteoira ábhair a thrascríobh ó gach Foirm um Scagadh Iompraíochta isteach sa Chairt Achomair um Scagadh Iompraíochta. Ansin féachann an múinteoir comhordaithe an bhfuil aon ainm ar níos mó ná liosta amháin. Liostaítear ar an gcairt achomair an triúr dalta is coitianta a ainmnítear i ngach catagóir (ag léiriú; ag ceilt).
2. Déantar scagadh breise ar na daltaí is coitianta a ainmnítear mar dhaltaí atá 'i mbaol' i ngach catagóir (ag léiriú; ag ceilt)

**Seicliosta na Timpeallachta Foghlama**

1. Déanann múinteoirí ábhair atá ag múineadh na ndaltaí is minice a ainmnítear mar dhaltaí 'i mbaol' (ag léiriú; ag ceilt) Roinn A de Sheicliosta na Timpeallachta Foghlama a chomhlánú.
2. Cruinniú leis an múinteoir a ainmníodh chun an próiseas a chomhordú chun na torthaí a phlé agus féachaint ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an timpeallacht.

**Pléitear torthaí an LEC (Roinn A) & cuirtear athruithe i ngníomh**

**Athbhreithniú laistigh de mhí**

- Údar Imní ar Bith CRÍOCH
- Údair Imní Ann Fós

***Údair Imní Ann Fós***

## Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)

Ranna B & C den Seicliosta Thimpeallacht Foghlama comhlánaithe

Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama (á chur i ngníomh & á athbhreithniú go leanúnach)

- Údar Imní ar Bith CRÍOCH
- Údair Imní Ann Fós LEAN AR AGHAIDH


Cruinniú comhairliúcháin
*(i.. Cruinniú d'Fhoireann Tacaíochta na Scoile / Cruinniú comhairliúcháin / Agallamh le tuismitheoir(í) / Cruinniú Ceann Bliana / Cruinniú Teagascóirí)*

**Idirghabháil Curtha i nGníomh**

**Athbhreithniú tar éis míosa**

- Údar Imní ar Bith CRÍOCH
- Údair Imní Ann Fós LEAN AR AGHAIDH

***Údair Imní Ann Fós***


Údair Imní Ann Fós
Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag Daltaí)
Faigh toiliú eolasach
Scagadh Diagnóiseach le haghaidh Sonraí Bonnlíne
(i.e. Seicliostaí maidir le hIompraíocht Aonair)
Idirghabhálacha pleanáilte agus curtha i ngníomh
Monatóireacht &
Athbhreithniú Leanúnach

# An Fhoirm um Scagadh Iompraíochta

**Daltaí atá 'i mbaol' a aithint**

**Grúpa Ranga:** **Ábhar**

**Ainm an mhúinteora ábhair atá ag comhlánú na foirme:**

**Dáta:**

| | Léiriú – ainmneacha na ndaltaí | Ceilt – ainmneacha na ndaltaí |
|---|---|---|
| **1** | | |
| **2** | | |
| **3** | | |
| **4** | | |
| **5** | | |

**Samplaí d'iompraíochtaí léirithe agus ceilte**

| Léiriú | Ceilt |
|---|---|
| Freasúraíoch | Cúthaileacht phianmhar |
| Caint mhaslach | Cuma bhrónach, in ísle brí & braistint nach fiú faic é/í |
| Déanann daoine eile a mhí-úsáid go fisiceach | Déantar fonóid faoi/fúithi, tugtar neamhaird air/uirthi agus/nó seachnaíonn piaraí é/í |
| Spochadh | Bíonn sé/sí ag brionglóideach de shíor |
| Ráigeanna | Iompraíocht chúlánta |
| Déanann damáiste do mhaoin daoine eile | Imní |
| *Meabhraítear duit go bhféadfadh daltaí áirithe iompraíocht léirithe agus iompraíocht cheilte araon a léiriú agus nár mhór iad a liostú sa dá roinn dá réir.* | |

Iarrtar an fhoirm seo a sheoladh chuig:

Roimh:

**Scagadh Iompraíochta: Cairt Achomair**

| AG LÉIRIÚ | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an dalta;** | **Ainm an ábhair:** | **Ábhar Ainm:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** |
| 1 | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | | | |

Is iad an triúr dalta is mó atá i mbaol ó thaobh iompraíocht léirithe/ceilte trasna na n-ábhar: 1
2
3

| AG CEILT | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an dalta;** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** | **Ainm an ábhair:** |
| 1 | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | | | |

Is iad an triúr dalta is mó atá i mbaol ó thaobh iompraíocht léirithe/ceilte trasna na n-ábhar: 1
2
3

<table>
<tr><th colspan="2">Tacaíocht Scoile - Plean Aonair</th></tr>
<tr><td>Plean Tacaíochta<br>Maidir le:<br>Dáta:</td><td>Athbhreithniú agus Tuairimí</td></tr>
<tr><td>Réimsí Imní</td><td></td></tr>
<tr><td>Tuiscint ar na Deacrachtaí:</td><td></td></tr>
<tr><td>Na Straitéisí a Chuirfear i nGníomh:</td><td></td></tr>
<tr><td>Beidh a fhios againn go bhfuil feabhas ar an scéal nuair</td><td></td></tr>
<tr><td>Dáta an Athbhreithnithe:</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Síniú:<br>Príomhoibrí Tuismitheoir Dalta</td></tr>
<tr><td colspan="2">An Chéad Athbhreithniú:</td></tr>
<tr><td colspan="2">An Dara Athbhreithniú:</td></tr>
</table>

# Taifead de Chruinnithe na Foirne Tacaíochta

*Dáta an chruinnithe:*

*I láthair:*

| *Eolas breise ó bhí an cruinniú ann:* | |
|---|---|
| *Cásanna reatha:* | *Gníomhartha/Cinntí:*<br>*(cé; céard; cén uair)* |
| *Cásanna nua:* | *Gníomhartha/Cinntí:*<br>*(cé; céard; cén uair)* |

*Dáta an chéad chruinnithe eile*

# Taifead de Chruinnithe na Foirne Tacaíochta

Plean Gníomhaíochta maidir le:

| Cé na gníomhartha: | Conas: | Cé a dhéanfaidh iad? |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Múinteoir comhordaithe:

Le hAthbhreithniú:

Nóta Comhaid
Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta na Foirne Cúraim
Dáta an chruinnithe:

Síniú:

## Plean Aonair Oideachais – Leathanach Spriocanna Maidir Le Dea-Iompraíocht

| | |
|---|---|
| **Ainm:**<br><br>**Rang:** | **Toiliú an tuismitheora/na dtuismitheoirí/an chaomhnóra/na gcaomhnóirí faighte:**<br>**Is ea ___ Ní hea___**<br><br>**Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í): i láthair:**<br>**Bhí___ Ní raibh____** |
| An iompraíocht is údar imní:<br><br>Nearta an dalta:<br><br>Spriocanna Tosaíochta | |
| Spriocanna: | Straitéisí: |
| **1.**<br><br>**2.**<br><br>**3.**<br><br>**4.** | |

| | | |
|---|---|---|
| **Síniú an dalta:**<br><br>**Síniú an tuismitheora/na dtuismitheoirí/an chaomhnóra/na gcaomhnóirí:**<br><br>**Síniú an mhúinteora chomhordaithe:** | **Dáta:** | **Dáta an Athbhreithnithe:** |

## IEP (Dea-Iompraíocht) - Cruinniú Athbhreithnithe Dáta:

| |
|---|
| **I láthair:**<br><br>Dalta:<br><br>Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í):<br><br>Múinteoir: |

| **Príomhspriocanna** | **Dul chun cinn** |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |
| **3.** | |

| |
|---|
| **Tuairim an dalta ar cé na nithe ar éirigh leo:** |
| **Tuairim Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) ar cé na nithe ar éirigh leo:** |
| **Tuairim an mhúinteora ar cé na nithe ar éirigh leo:** |
| **Toradh an Athbhreithnithe:**<br>Chun leanúint ar aghaidh leis na spriocanna céanna:: Tá/Níl<br>Spriocanna nua a cheapadh? Tá/Níl<br>Spriocanna bainte amach? Tá/Níl |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile**: |

| | |
|---|---|
| **Síniú an dalta:**<br><br>**Síniú an tuismitheora/na dtuismitheoirí/an chaomhnóra/na gcaomhnóirí:**<br><br>**Síniú an mhúinteora chomhordaithe:** | **Dáta:** |

## Treoirlínte do Chruinnithe maidir le Spriocanna Dea-Iompraíochta

Céimeanna i leith Spriocanna Dea-Iompraíochta do dhalta aonair:

1. Comhairliú mar gheall ar chomhlánú Sheicliosta an tSuirbhé Múinteoir Ábhair idir an múinteoir comhordaithe agus an múinteoir/na múinteoirí atá buartha. Na cineálacha iompraíochta a bhí ina n-údar imní agus ar tugadh tús áite dóibh.

2. Comhairliú idir an múinteoir comhordaithe, an múinteoir/na múinteoirí atá buartha agus an dalta.

3. Cruinniú leis an dalta mar gheall ar Spriocanna Dea-Iompraíochta; múinteoirí agus tuismitheoirí i láthair. Spriocanna aitheanta agus soiléirithe ag an gcruinniú seo. Iad aontaithe agus síniú tugtha ag gach páirtí lena mbaineann.

4. Oibríonn gach duine ar bhaint amach na spriocanna sna chéad 2-4 seachtaine eile.

5. Athbhreithniú neamhfhoirmiúil idir an dalta agus an múinteoir i gcaitheamh an ama seo (gach lá más féidir – seiceáil ar dhul chun cinn). Bain úsáid as Leathanach Spriocanna an Dalta mar eolas d'athbhreithniú.

6. Cruinniú ag deireadh tréimhse 2-4 seachtaine idir an dalta, tuismitheoirí agus múinteoirí ainmnithe nó múinteoirí atá buartha chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Dhea-Iompraíocht. Tá sé tábhachtach an múinteoir comhordaithe a bheith i gceannas an chruinnithe agus díriú an t-am ar fad ar dhul chun cinn an dalta, is cuma dá laghad é.

# Leathanach Spriocanna an Dalta

Ainm: ____________________ Rang: _____________ Dáta:_____________

Is iad na 3 sprioc atá agam:

1. ______________________________________________________

2. ______________________________________________________

3. ______________________________________________________

Síniú an dalta: __________________________________________

Síniú an mhúinteora chomhordaithe: __________________________________________

| Iarrtar ar mhúinteoirí dul chun cinn an dalta i leith na spriocanna a léiriú, agus rud éigin dearfach a rá áit ar bith is féidir. | | | | | | M = go maith, laistigh den sprioc<br>S = de réir sprice<br>S - = an sprioc bainte amach, nach mór<br>D = deacrachtaí móra |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tréimhse ranga | M | S | S - | D | Síniú an Mhúinteora: | Ráiteas Dearfach: |
| 1. | | | | | | |
| 2. | | | | | | |
| 3. | | | | | | |
| 4. | | | | | | |
| 5. | | | | | | |
| 6. | | | | | | |
| 7. | | | | | | |
| 8. | | | | | | |
| 9. | | | | | | |
| 10. | | | | | | |

# Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu

Seo a leanas liosta de na hidirghabhálacha a d'fhéadfaí a dhéanamh le daltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Ní fhormhuiníonn NEPS aon chur chuige ar leith agus d'fhéadfadh eolas a bheith ag scoileanna ar chineálacha idirghabhálacha eile atá éifeachtach. Ach measadh go mba chabhair é do scoileanna eolas a fháil ar na hidirghabhálacha atá ar fáil go réidh in Éirinn agus a bhfuil fianaise réasúnta ann go n-éirionn leo. Mórchuid den ábhar atá curtha i láthair anseo, tá sé bunaithe ar thaighde gníomhaíochta a rinne NEPS i dtréimhse thrí bliana, a d'fhéach le hidirghabhálacha éifeachtacha a aithint do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.

Idirghabháil bunaithe ar an nGréasán is ea **Acceleread Accelewrite** a oireann do dhaltaí aonair. Tá sé faighte amach ag scoileanna áirithe gur féidir le múinteoir amháin beirt dhaltaí nó triúr daltaí, fiú, a mhaoirsiú go héifeachtach ag an am céanna. Bheadh teacht ar ríomhaire de dhíth ar gach dalta. Tá an idirghabháil ar fáil in Éirinn trí sholáthraithe bogearraí. Is féidir é a cheannach ar líne, leis, ó www.dyslexia.com

€139 nó mar sin atá ar CD, lámhleabhar agus cártaí datha. Is féidir cártaí datha breise a phriontáil ón CD.

Is gnách **Toe by Toe** a úsáid i suíomhanna duine le duine nó i ngrúpaí beaga. Clár fóineolaíoch fíorstruchtúrtha is ea é agus gheofar na gníomhaíochtaí agus treoracha an mhúinteora laistigh den aon leabhar amháin. Tá sé ar fáil in Éirinn ó raon soláthraithe oideachasúla.
Nó is féidir é a cheannach go díreach ón suíomh Gréasáin: www.toe-by-toe.co.uk

€45 atá ar chóip amháin nó
€225 ar bheart sé leabhar.

**Comhpháirtithe Léitheoireachta/ Piarléitheoireacht**
Tá fianaise fhorleathan againn ar phiartheagascóirí a úsáid chun scileanna léitheoireachta a fheabhsú. I scoileanna na hÉireann, tá ag éirí go maith le teagasc trasaoise idir daltaí na hidirbhliana agus daltaí chéad bhliana. Gheofar eolas mionsonraithe ar phiartheagasc ón Centre for Paired Learning ag Ollscoil Dundee.
www.dundee.ac/psychology/TRWresources

Tá leabhrán a d'fhoilsigh NEPS, The Rough Guide to Reading Partners, ar fáil lena íoslódáil ag www.education.ie

**Literacy Acceleration**

Cur chuige scoile uile é seo i leith na litearthachta agus d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach i scoileanna ina bhfuil aois íseal léitheoireachta ag líon suntasach de dhaltaí na chéad bhliana.

Is féidir The Literacy Acceleration Teachers' Pack of Resources a cheannach ar £29, móide CBL, ó:
AWLED Consultancy Ltd
PO Box 33
Newquay
Cornwall
TR71YP

Is féidir an beart seo a ordú ar líne ó www.awled.co.uk

**Cineálacha Cur Chuige i leith an Bheacht-Teagaisc**

Bunaítear na cineálacha cur chuige seo ar theoiric na síceolaíochta teagascaí. Cuireann pacáiste SNIP foclóir atá tábhachtach do churaclam na hiar-bhunscolaíochta i láthair daltaí, chomh maith le scileanna ginearálta léitheoireachta a fhorbairt. Focail amhairc a fhoghlaim agus a chleachtadh atá i gceist sa phacáiste seo. Is féidir é a úsáid ar bhonn duine le duine, le grúpaí, nó le rang iomlán, go háirithe le rang Béarla breise. D'fhéadfaí é a úsáid mar chlár baile, leis.
SNIP Precision Teaching Pack (credit Carol and Phil Smart)
www.snip-newsletter.co.uk Íoslódáil saor in aisce í seo.

D'fhéadfá do leathanaigh tóraithe focal féin a dhéanamh leis an ábhar saor in aisce ó John Taylor's Freebies, www.johnandgwyn.co.uk
Go hachomair, seo na céimeanna a bheidh le glacadh ar líne:

1. Téigh isteach sa suíomh.
2. Roghnaigh 'A precision Teaching Probe Sheet Generator'.
3. Roghnaigh an leagan is fearr a oireann duit féin. (Moltar an leagan i gcló mór).
4. Roghnaigh an líon focal a theastaíonn uait a bheith ar an leathanach tríd an uimhir ag bun an leathanaigh a bhrú (m.sh. ach 6 a bhrú, gheobhaidh tú 6 fhocal ar an leathanach).
5. Cuir na sé fhocal isteach ar an ngreille. Is leor sin a dhéanamh uair amháin chun go scaipfidh an ghreille na focail go randamach ar fud an leathanaigh.

Cártaí imeartha bána Taskmaster, Uimhir Chatalóige T428, ST£5.95
Glaoigh ar 44 (0) 116 270 4286 nó scríobh chuig www.taskmasteronline.co.uk

Tá leabhrán dar teideal The Rough Guide to Teaching a Sight Vocabulary foilsithe ag NEPS. www.education.ie

**Acmhainní chun an Léamhthuiscint a Fhorbairt**

New Reading and Thinking, Books 4-6, le AJ Evans. Is mó cleachtadh a thugann na leabhair seo do dhaltaí ar scileanna léamhthuisceana a fhorbairt, lena n-áirítear réasúnaíocht dhéaduchtach. D'fhéadfaí iad a úsáid duine le duine nó le grúpa daltaí.

Gheofar alt úsáideach iontu ar straitéisí chun léamhthuiscint a mhúineadh. 'Interventions for Students with Learning Disabilities' is teideal dó. (Sna Stáit Aontaithe cuimsíonn 'míchumais foghlama' gach a bhfuil i gceist againne le 'deacracht foghlama sonrach' nó 'disléicse'. Ach d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na straitéisí a thugtar sna leabhair seo le raon leathan daltaí, cé gur do dhaltaí sinsearacha bunscoile agus daltaí iar-bhunscoile is mó a oireann siad. Íoslódáil saor in aisce é seo ón US National Dissemination Centre for Children with Disabilities.

www.nichcy.org/pubs/newsdig/nd25txt.htm

# Idirghabhálacha Éifeachtacha chun Scileanna Matamaitice a Mhúineadh

**Measuring Up**
Táirge de chuid an Protea Textware Pty Ltd

CD Rom is ea Measuring Up a d'fhéadfaí a úsáid sa seomra ranga mar shlí chun coincheapa matamaiticiúla a múineadh roimhe sin a chur abhaile ar na daltaí. Is féidir le daltaí é a úsáid, leis, mar thuras féinluais chun fáil amach faoi shlite leis an mhatamaitic a úsáid sa saol laethúil.

Clúdaítear nithe laethúla air, amhail:

- siopadóireacht agus praghas kg a ríomh
- béile do chairde ina ríomhtar an méid feola a bheadh ag teastáil agus an costas a bheadh uirthi
- conas méideanna a thomhas ar scálaí agus meastacháin a dhéanamh
- aicme an mheáchain a oibriú amach
- fad a thomhas in imeachtaí spóirt agus nuair a bhíonn éadach á ghearradh

Tá iarracht déanta ag Dave Tout agus Beth Marr a thaispeáint go mbaineann eolaíocht na matamaitice le cúrsaí an tsaoil laethúil agus nach gá bheith scanraithe rompu.

Cuireann an ghrafaic le taitneamh an fhoghlaimeora agus iad ag láimhsiú na n-íomhánna chun na cainníochtaí a oibriú amach agus freagraí a ríomh. Má dhéantar botún, tá ré-áiritheoir ar fáil don fhoghlaimeoir, ach ní gá úsáid a bhaint as más fearr leis an dalta an ríomh a dhéanamh é/í féin. Múintear na bunfhíricí trí ghrafaic agus mínítear na codáin agus na deachúlacha.

I gcás múinteora a bhfuil rang il-leibhéal aici agus a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama foghlaimeoirí éagsúla, cabhair as cuimse is ea an áis seo sa seomra ranga ós rud é gur féidir freastal ar riachtanais aonair de réir mar a oibríonn na daltaí trí na cleachtaí ar a luas féin le misniú ón múinteoir.

Níos minice ná a mhalairt, réimse í an mhatamaitic a ndéanann múinteoirí teanga faillí inti le daltaí toisc an oiread ama a chaitear ar ghnéithe eile d'fhoghlaim teanga. Ach san acmhainn seo déantar cúram de theanga na matamaitice agus de na ríomhaireachtaí is gá chun na freagraí a fháil, rud a thugann don dalta na téarmaí is gá chun an mhatamaitic a úsáid sa ghnáthshaol.

*Léirmheasta ag Christine Rhodes, Mount Isa Institute of TAFE*

## Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta Acu

Seo a leanas liosta de na hidirghabhálacha a d'oirfeadh do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta acu. Ní fhormhuiníonn NEPS aon chur chuige ar leith agus d'fhéadfadh eolas a bheith ag scoileanna ar chineálacha idirghabhálacha eile atá éifeachtach. Measadh, áfach, go mbeadh sé ina chabhair do scoileanna eolas a fháil ar na cineálacha idirghabhála a mheasann NEPS a bheith úsáideach.

**Retracking** (Jenny Bates, 1996). Ceapadh an clár seo lena úsáid le daltaí iar-bhunscoile a bhfuil deacrachtaí ar scoil acu a chiallaíonn go bhféadfaí iad a eisiamh ón scoil. Acmhainn í seo ar féidir a fhótachóipeáil agus a fhéachann le feasacht an dalta ar a (h)iompraíocht féin (agus ar iompraíocht daoine eile) a mhéadú agus cabhrú leis an dalta scileanna nua a fhoghlaim. Ar na topaicí atá faoi chaibidil ann tá féinmheas, aithint fadhbanna, féinsmacht, láimhsiú feirge, fadhbréiteach, suaimhniú agus scileanna éisteachta. Oireann sé do dhaltaí aonair agus do ghrúpaí.

Clár é seo a fhoilsíonn Devon Educational Psychology Service agus atá ar fáil in Éirinn ó ETC ar chostas €40 nó mar sin.

**STOP,THINK, DO, Social Skills Training: Supplement for middle years of schooling ages 12-15**
(Lindy Petersen with Phil Lewis, 2004).

Gheofar sa lámhleabhar seo clár oiliúna i scileanna pearsanta agus sóisialta do réamhógánaigh agus d'ógánaigh óga, atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Forlíonadh is ea é ar lámhleabhair bhunscoile níos cuimsithí. Gheofar ann, leis, straitéisí do mhúinteoirí príomhshrutha agus do chomhordaitheoirí ar mian leo topaicí ar leith nó príomhinniúlachtaí a bhaineann le scileanna pearsanta agus sóisialta a mhúineadh.

Pléitear feidhmeanna éagsúla sa scoil láir; do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, do dhaltaí príomhshrutha, d'eadráin idir phiaraí, chun comhar a fhorbairt idir an scoil agus an baile, agus chun feabhas a chur ar scileanna láimhseála feirge na múinteoirí agus foirne eile sa scoil.

Le hordú ó: lindy.petersen@stopthinkdo.com or from ACER
€50 nó mar sin atá air.

**Skillstreaming the Adolescent**

Díríonn ***Skillstreaming*** ar riachtanais daltaí ó thaobh scileanna sóisialta. Daltaí a léiríonn ionsaitheacht, anabaíocht, cúlántacht, nó iompraíochtaí fadhbacha eile is ábhar dó. Baineann an leabhar nuachóirithe seo úsáid as samhaltú, rólghlacadh, aiseolas ar fheidhmíocht agus tascanna obair bhaile. Foghlaimíonn daltaí conas déileáil le coimhlint idirphearsanta agus conas féinsmacht a úsáid. Caoga ceacht scile atá sa churaclam agus iad roinnt i sé scilghrúpa: tús le scoileanna sóisialta, ardscileanna sóisialta, déileáil le mothúcháin, roghanna ar ionsaitheacht, déileáil le strus agus scileanna pleanála.

Leabhar, lámhleabhar don dalta agus leabhrán d'fhoirmeacha cláir atá san acmhainn seo. Ba iad an Dr. Arnold P. Goldstein agus an Dr. Ellen McGinnis a scríobh agus €65 nó mar sin atá air.

ISBN 0-87822-369-X

**Escape from Exclusion**

Clár 15 seisiún é seo do dhaltaí a léiríonn easpa spéise agus a d'fhéadfaí a eisiamh ón scoil. Do dhaltaí sna ranganna sinsearacha bunscoile agus san iar-bhunscoil a ceapadh é. Díríonn an clár ar na nithe seo a leanas: féinfheasacht, féinrialú, freagracht agus inspreagadh, agus iarrtar ar dhaltaí a spriocanna féin a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn. Brian Marris agus Tina Rae a cheap, agus is é Paul Chapman a fhoilsíonn é ar €40 nó mar sin.

ISBN 97819043153

**Scileanna Ríthábhachtacha: An Anger Management and Problem Solving Teaching Programme for High School Students**

Penny Johnson agus Tina Rae a cheap an clár 10 seisiún seo a chlúdaíonn réimsí ar nós iompraíocht agus iarmhairtí, tuiscint ar mhothúcháin, straitéisí chun fearg a láimhseáil agus coimhlint a réiteach. Is é Lucky Duck a fhoilsíonn sé agus €30 nó mar sin atá air.

ISBN 9781873942673

**Oiliúint Láimhseála Feirge**

Trí imleabhar atá san fhoilseachán seo a bhaineann úsáid as cur chuige cognaíoch iompraíochta i leith láimhsiú feirge. Mar sin féachtar ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar iompraíocht le cabhair rólghlacadh agus gníomhaíochtaí suaimhnithe. Emma Williams agus Rebecca Barlow a scríobh agus €85 nó mar sin atá air.

ISBN 9780863883347

**Quality Circle Time in the Secondary School**

Jenny Mosley agus Marilyn Tew a scríobh agus is iad David Fulton Publishers a fhoilsíonn é. Lámhleabhar dea-chleachtais atá ann.

**Important issues relating to the promotion of Positive Behaviour and Self-Esteem in Secondary Schools**

Acmhainn eile ó Jenny Mosley, a d'fhoilsigh Positive Press sa bhliain 2005.

**101 Games for Social Skills**

Beart acmhainní a oireann d'ógánaigh agus a dhíríonn ar na cúig phríomhréimse scoile: féachaint, éisteacht, labhairt, smaoineamh agus díriú ar rud. D'obair ghrúpa a ceapadh é. Jenny Mosley agus Helen Sonnet a scríobh agus €23 nó mar sin atá air.
ISBN 9781855033702

**Talkabout- A Communication and Social Skills Package**

Oireann an leabhar acmhainne seo d'obair ghrúpa le daltaí a bhfuil cumas teoranta acu nó siondróm Asperger. Féinfheasacht, cumarsáid, scileanna comhrá agus treallús is ábhar dó. Alan Kelly a scríobh agus Speechmark a d'fhoilsigh. €40 mar sin atá air.

**Towards Better Behaviour, Jolly, M and McNamara E. (1994)**

Acmhainn trí pháirte í seo a sholáthraíonn creat agus sraith cleachtas do mhúinteoirí iar-bhunscoile. San acmhainn trí pháirte seo gheofar *The Behaviour Survey Checklist for Secondary Schools (Part I), Assessment (Part II)* and *Intervention (Part III).*

Sceideal is ea an seicliosta suirbhé iompraíochta agus an chairt achomair do mhúinteoirí iar-bhunscoile le go mbeidís in ann:

i) iompraíocht fhadhbach a aithint i ndaltaí a chuireann isteach ar cheachtanna
ii) próifíl a sholáthar de na ceachtanna ina mbíonn cur isteach
iii) na cúinsí a ghabhann le hiompraíocht shuaiteach a aithint
iv) próifíl a sholáthar de nádúr na hiompraíochta suaití
v) cur síos a dhéanamh ar chumas acadúil agus ar scileanna sóisialta dalta i gcomhthéacs a ranga

Ceithre sheicliosta/sceideal breathnóireachta, samhail mheasúnachta d'inspreagadh daltaí agus straitéis mheasúnaithe do chomhlíontacht daltaí atá sa roinn Measúnachta.

- An Seicliosta um Bainistiú Daltaí
- An Sceideal um Iompraíocht Daltaí.
- Seicliosta ar Staideanna Seomra Ranga.
- Sceideal Anailíse ar Iompraíocht lasmuigh den Tasc.

Acmhainn is ea an roinn idirghabhála den bheart ina bhfaightear raon leathan prótacal, teimpléad, conarthaí, prótacail tuairiscithe faoi mhonatóireacht múinteora agus prótacail comhthuairiscithe idir múinteoir agus dalta agus ábhair féinbhainistíochta daltaí. Faightear cearta fótachóipeála nuair a cheannaítear an hacmhainn seo.

**Suíomh Idirlín**
**SEAL**
Cur chuige scoile uile i leith forbairt scileanna sóisialta agus mothúchánacha sa RA is ea Social and Emotional Aspects of Learning for Secondary Schools (SEAL). Gheofar acmhainní le híoslódáil ar an suíomh a chuideodh le scoileanna curaclam sóisialta agus mothúchánach a phleanáil agus a chur i ngníomh.

**Resources for Working with Parents**
Téacs soiléir cabhrach é seo chun dul i mbun oibre le tuismitheoirí.

**Parent-Teacher Partnership: Practical Approaches to Meeting Special Educational Needs. Resource Materials for Teachers** (Blamires, Robertson and Blamires (1997) London. David Fulton Publishers.